AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 19.11.2024
COM(2024) 538 final

# TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

## maidir le feidhmiú an mhargaidh carbóin Eorpaigh

{SWD(2024) 264 final}

# Ábhar


1. Réamhrá ..... 2
2. Staid na himeartha maidir le CTA AE ..... 3
   2.1. Raon feidhme agus cumhdach ..... 3
   2.2. CTA2 - an córas nua trádála astaíochtaí le haghaidh earnáil na bhfoirgneamh, earnáil an iompair de bhóthar agus earnálacha breise ..... 4
   2.3. Ciste Aeráide Sóisialta ..... 4
3. Caidhp ar astaíochtaí ..... 6
4. Lamháltais a chur ar ceant ..... 9
5. Leithdháileadh saor in aisce lamháltas ..... 11
   5.1. Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha ..... 13
   5.2. Riosca sceite carbóin d'earraí arna dtáirgeadh ag earnálacha CBAM san Aontas lena n-onnmhairiú ..... 14
6. Margadh carbóin an Aontais ..... 17
   6.1. Soláthar agus éileamh a chothromú ..... 17
   6.2. Cealú deonach ..... 18
   6.3. Formhaoirseacht margaidh ..... 19
7. Treochtaí astaíochta ..... 22
8. Ioncam ó CTA AE ..... 25
   8.1. Cabhair le haghaidh costais indíreacha ..... 29
   8.2. An Ciste don Nuálaíocht le haghaidh CTA ..... 33
   8.3. Ciste don Nuachóiriú CTA ..... 36
   8.4. Ciste Dícharbónaithe CTA don Ghréig ..... 38
9. Eitlíocht ..... 38
10. Iompar muirí ..... 42
11. Creat cur chun feidhme CTA AE ..... 44
   11.1. Faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí ..... 44
   11.2. Fíorú agus Creidiúnú ..... 47
   11.3. Doiciméid threoracha ..... 48
   11.4. Údaráis inniúla náisiúnta ..... 48
   11.5. Comhlíontacht le CTA AE ..... 49
12. CTA AE i gcomhthéacs rialachas aeráide agus fuinnimh an Aontais ..... 51
13. Nasc idir CTA AE agus ETS na hEilvéise ..... 52
14. Achoimre ..... 57

## 1. Réamhrá

Is bunchloch de bheartas aeráide an Aontais é Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh (CTA AE), atá deartha chun astaíochtaí a laghdú ar bhealach costéifeachtach. Cuireann sé caidhp agus praghas ar astaíochtaí ó earnálacha an fhuinnimh, na tionsclaíochta, an mhuiriompair agus na heitlíochta san Eoraip, ar thart ar 40 % d'astaíochtaí iomlána an Aontais iad.

Áirithítear leis an gcaidhp go dtiocfaidh laghdú ar astaíochtaí le himeacht ama agus go dtugann praghas an charbóin, arna chinneadh ag an margadh, dreasacht do chuideachtaí astaíochtaí a laghdú sna háiteanna is lú a gcosnaíonn sé é sin a dhéanamh. Is é praghas an charbóin freisin a chinneann an t-ioncam a ghineann CTA AE le haghaidh infheistíocht sa ghníomhú ar son na haeráide agus san aistriú fuinnimh.

Ó seoladh é in 2005, chuidigh CTA AE le hastaíochtaí ó ghiniúint leictreachais agus teasa agus ón táirgeadh tionsclaíoch a bhrú síos 47 %[1], agus breis agus EUR 200 bhilliún in ioncam ceantála á ghiniúint aige.

In 2023, chonacthas an laghdú bliantúil is airde go dtí seo ar astaíochtaí ó na hearnálacha sin, 16.5 % i gcomparáid le 2022, arna spreagadh den chuid is mó leis an gcur in úsáid luathaithe foinsí fuinnimh in-athnuaite in earnáil na cumhachta arna éascú ag comhartha láidir marthanach faoi phraghas an charbóin.

Is chuig buiséid na mBallstát a chuaigh formhór an ioncaim iomláin, beagnach EUR 44 bhilliún, a gineadh le CTA AE in 2023, ach chuaigh cuid de chuig na Cistí Nuálaíochta agus Nuachóirithe agus chuig buiséad na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta le haghaidh plean REPowerEU[2].

Beidh níos mó le déanamh, áfach, chun astaíochtaí a laghdú agus chun geilleagar an Aontais a athrú ó bhonn i gcomhréir le spriocanna an Dlí Aeráide Eorpaigh[3] agus le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip. Ar an gconair i dtreo aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050, tá gealltanas tugtha ag an Aontas astaíochtaí a laghdú 55 % faoi 2030 i gcomparáid leis na leibhéil in 1990. Rinneadh athbhreithniú ar CTA AE in 2023 chun na críche sin, mar chuid den phacáiste athchóirithe 'Oiriúnach do 55'. Tá an t-athbhreithniú i bhfeidhm go hiomlán anois agus tá an Coimisiún agus na Ballstáit ag obair ar a chur chun feidhme.

---

[1] Astaíochtaí CTA ó shuiteálacha sna hearnálacha cumhachta agus tionscail in 2023, gan an Ríocht Aontaithe, gan ach an earnáil chumhachta i dTuaisceart Éireann, i gcomparáid le luach coigeartaithe astaíochtaí CTA ó 2005 agus an raon feidhme céanna á bhreithniú. Bunaithe ar bhreathnóir sonraí CTA, na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil, arna mbaint an 20 Lúnasa 2024.

[2] Féach suíomh gréasáin an Choimisiúin The Recovery and Resilience Facility and REPowerEU - Affordable, secure and sustainable energy for Europe [An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus REPowerEU - Fuinneamh inacmhainne, slán agus inbhuanaithe don Eoraip] chun tuilleadh eolais a fháil.

[3] Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 (IO L 243, 9.7.2021).

Cuirtear san áireamh sa tuarascáil seo feidhmiú CTA AE in 2023 agus sa chéad leath de 2024 – lena n-áirítear faoi chur chun feidhme athbhreithniú 2023. Déantar achoimre inti ar an obair reachtach a dhéanann an Coimisiún, tugtar forléargas nuashonraithe inti ar phríomhghnéithe chreat an chórais agus cruinnítear forbairtí bliantúla amhail treochtaí astaíochtaí agus ioncaim ceantála.

Glactar an tuarascáil i gcomhréir le hAirteagail 10(5) agus 21(2) den Treoir maidir le Trádáil Astaíochtaí (Treoir 2003/87/CE)[4]. Bunaítear í den chuid is mó ar shonraí ó Chlárlann an Aontais, ó Loga Beartaíochta an Aontais (EUTL) agus ó thuairisciú na mBallstát.

Tá doiciméad inmheánach oibre (Faisnéis theicniúil) ag gabháil leis an tuarascáil.

## 2. Staid na himeartha maidir le CTA AE

### 2.1. Raon feidhme agus cumhdach

Tá feidhm ag CTA AE i ngach ceann de 27 mBallstát an Aontais agus san Íoslainn, i Lichtinstéin agus san Iorua, agus maidir le gléasraí giniúna leictreachais i dTuaisceart Éireann[5]. Ó bhí Eanáir 2020 ann, tá CTA AE nasctha freisin le córas trádála astaíochtaí na hEilvéise (CTA na hEilvéise).

Go dtí 2023, leathnaíodh raon feidhme CTA AE chuig astaíochtaí ó ghléasraí giniúna leictreachais agus teasa agus ó shuiteálacha monaraíochta san Eoraip agus ó oibreoirí aerárthaigh a eitlíonn idir aerfoirt sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) agus ó LEE chuig an Eilvéis agus chuig an Ríocht Aontaithe.

Amhail ón 1 Eanáir 2024, cuireadh cion cothrom an Aontais d'astaíochtaí $CO_2$ (dé-ocsaíd charbóin) ó mhuiriompar san áireamh in CTA AE freisin (féach Caibidil 10). Le leathnú CTA AE chuig muiriompar cumhdaítear na hastaíochtaí uile a tharlaíonn idir dhá chalafort LEE agus nuair a bhíonn longa i gcalafoirt LEE, agus ní chumhdaítear ach leath na n-astaíochtaí ó mhuiraistir a thosaíonn nó a chríochnaíonn lasmuigh de LEE.

Ón 1 Eanáir 2024, ní mór do shuiteálacha chun dramhaíl chathrach a loscadh faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar a n-astaíochtaí faoi CTA AE. Ní cheanglaítear orthu, áfach, lamháltais le haghaidh a n-astaíochtaí a thabhairt suas. In 2026, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar a indéanta a bheidh sé raon feidhme CTA AE a leathnú chuig astaíochtaí ó loscadh dramhaíola cathrach agus chuig astaíochtaí ó phróisis eile bainistithe dramhaíola, amhail líonadh talún. Idir

[4] Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas maidir le trádáil liúntais astaíochtaí gáis cheaptha teasa laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003).

[5] Faoin bPrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann den Chomhaontú Brexit um Tharraingt Siar.

an dá linn, tá astaíochtaí ó chóireáil dramhaíola faoi réir spriocanna náisiúnta laghdaithe faoin Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill (Rialachán 2018/842)[6].

Gheofar faisnéis faoi shuiteálacha agus oibreoirí aerárthaigh in CTA an Aontais (mar a bhí sé in 2023) i Roinn I den doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis seo.

## 2.2. CTA2 - an córas nua trádála astaíochtaí le haghaidh earnáil na bhfoirgneamh, earnáil an iompair de bhóthar agus earnálacha breise

Mar chuid d'athbhreithniú 2023 ar Threoir CTA, cruthaíodh córas trádála astaíochtaí nua agus ar leithligh le haghaidh astaíochtaí ó dhóchán breosla i bhfoirgnimh, in iompar de bhóthar agus in earnálacha breise (CTA2). Cé gur córas 'teorannaithe agus trádála' a bheidh ann amhail CTA AE atá ann cheana, cumhdóidh CTA2 astaíochtaí réamhtheachtacha. Ciallaíonn sé sin go gceanglófar ar sholáthróirí breosla faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar chainníochtaí na mbreoslaí a scaoileann siad lena dtomhailt sna hearnálacha a thagann faoi raon feidhme CTA2, agus na lamháltais le haghaidh na n-astaíochtaí comhfhreagracha a cheannach agus a thabhairt suas. Ceanglaítear ar eintitis a thagann faoi CTA2 cead astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) a bheith acu ón 1 Eanáir 2025 ar aghaidh chomh maith le plean faireacháin formheasta chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar a n-astaíochtaí bliantúla. Cuirfear tús leis an oibleagáid lamháltais a thabhairt suas in 2027 (nó in 2028 i gcás praghsanna gáis nó ola thar a bheith an-ard in 2026).

Leagadh amach ceanglais faireacháin agus tuairiscithe eintitis rialáilte CTA2 go mion sa Rialachán athbhreithnithe maidir le Faireachán agus Tuairisciú (Rialachán Cur Chun Feidhme 2018/2066)[7], a glacadh an 17 Deireadh Fómhair 2023. D'fhoilsigh an Coimisiún treoirdhoiciméad freisin maidir leis an Rialachán athbhreithnithe[8].

## 2.3. Ciste Aeráide Sóisialta

Cruthaíodh an Ciste Aeráide Sóisialta (SCF) in éineacht le CTA2[9] chun cistiú a chur ar fáil do na Ballstáit chun tacú leis na grúpaí is leochailí san aistriú glas, amhail teaghlaigh atá faoi bhochtaineacht fuinnimh nó iompair.[10] Leis an gCiste, cuirfear EUR 65 bhilliún ar fáil thar

[6] Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go 2030 lena rannchuidítear leis an ngníomhú ar son na haeráide agus chun gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 (IOL 156, 19.6.2018)

[7] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2122 ón gCoimisiún an 17 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066 a mhéid a bhaineann le faireachán agus tuairisciú astaíochtaí gás ceaptha teasa a thabhairt cothrom le dáta de bhun Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2023/2122, 18.10.2023). Féach an leagan comhdhlúite.

[8] Féach suíomh gréasáin an Choimisiúin ETS2: buildings, road transport and additional sectors [Córas trádála astaíochtaí le haghaidh earnáil na bhfoirgneamh, earnáil an iompair de bhóthar agus earnálacha breise] chun tuilleadh faisnéise a fháil.

[9] Rialachán (AE) 2023/955 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena mbunaítear Ciste Aeráide Sóisialta agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1060 (IO L 130, 16.5.2023).

[10] Féach suíomh gréasáin an Choimisiúin maidir leis an gCiste Aeráide Sóisialta chun tuilleadh eolais a fháil.

2026-2032, arna mhaoiniú ar dtús ón ioncam arna shannadh go seachtrach ó lamháltais CTA2 a chur ar ceant agus ó 50 milliún lamháltas a chur ar ceant ó CTA AE atá ann faoi láthair. Dáilfear an buiséad sin ar na Ballstáit de réir eochair leithdháilte. Caithfidh na Ballstáit a n-acmhainní Ciste Aeráide Shóisialta i gcomhréir lena bpleananna aeráide sóisialta náisiúnta. Lena n-áirítear an rannchuidiú éigeantach 25 % ó na Ballstáit lena bpleananna, ba cheart don Chiste Aeráide Sóisialta EUR 86.7 billiún ar a laghad a shlógadh.

Ba cheart do na Ballstáit uile a bpleananna a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin 30 Meitheamh 2025. Ba cheart anailís ar na héifeachtaí is dócha a bheidh ag CTA2 ar ghrúpaí leochaileacha a áireamh sna pleananna. Agus chun na héifeachtaí sin a mhaolú, ba cheart bearta struchtúracha agus infheistíochtaí in éifeachtúlacht fuinnimh agus in athchóiriú foirgneamh, i dtéamh agus fuarú glan agus i gcomhtháthú fuinnimh in-athnuaite, agus i réitigh shoghluaisteachta astaíochtaí nialasacha agus ísle, lena n-áirítear iompar poiblí, a leagan amach ann. Beidh sé de rogha ag na Ballstáit freisin cuid dá mbuiséad Ciste Aeráide Shóisialta a chaitheamh ar thacaíocht ioncaim shealadach.

Tá na céimeanna iomchuí á nglacadh ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit chun an Ciste Aeráide Sóisialta a chur chun feidhme. Chun comhoibriú ar bhealach níos éifeachtúla, bhunaigh an Coimisiún foirmíocht Chiste Aeráide Shóisialta faoin sainghrúpa maidir leis an mbeartas don athrú aeráide (CCEG-SCF). Trí CCEG-SCF, sheol an Coimisiún malartú dea-chleachtas maidir leis na bearta agus na hinfheistíochtaí costéifeachtacha a d'fhéadfaí a mhaoiniú leis an gCiste agus maidir leis an gcomhairliúchán poiblí ar na pleananna. Tá an Coimisiún ag tacú go díreach freisin le 10 mBallstát agus a bpleananna á n-ullmhú acu tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil[11].

I gcomhthreo, tá an Coimisiún ag obair ar threoir maidir le conas an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' (DNSH) a chur i bhfeidhm maidir leis na bearta agus na hinfheistíochtaí arna maoiniú ag an gCiste Aeráide Sóisialta. I gcomhréir leis an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh', ní féidir leis an gCiste Aeráide Sóisialta tacú ach le bearta agus infheistíochtaí nach ndéanann dochar suntasach d'aon cheann de na cuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht (Rialachán 2020/852)[12]. Is iad na cuspóirí sin maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin, úsáid inbhuanaithe agus cosaint uisce agus acmhainní muirí, an geilleagar ciorclach, cosc agus rialú ar thruailliú, agus bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú.

Cuireadh an dréacht-treoir maidir leis an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' ar aghaidh le haghaidh comhairliúchán poiblí 2 mhí, a bhí ar siúl ó mhí an Mheithimh 2024 go

[11] Áirítear ar na deich mBallstát an Bheilg, an tSeicia, an Danmhairg, an Ghréig, an Fhionlainn, an Chróit, an Liotuáin, an Laitvia, an Rómáin agus an tSlóvaic.

[12] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020)

mí Lúnasa 2024[13]. Déanfaidh an Coimisiún nua é a ghlacadh agus a fhoilsiú in éineacht le treoirdhoiciméad ginearálta maidir leis an gCiste Aeráide Sóisialta agus pleananna aeráide sóisialta (treoir maidir leis an gCiste Aeráide Sóisialta). Idir an dá linn, tá obair leantach á déanamh ag an gCoimisiún ar cheisteanna ó na Ballstáit a bhaineann leis an gCiste Aeráide Sóisialta.

## 3. Caidhp ar astaíochtaí

Socraítear leis an gcaidhp in CTA an Aontais dearbhchainníocht uasta astaíochtaí a fhéadfaidh eintitis rialáilte a astú i gcaitheamh céim trádála. Comhfhreagraíonn sí do líon na lamháltas a eisíodh don tréimhse sin, i gcás ina gcomhfhreagraíonn lamháltas amháin do thona amháin d'astaíochtaí $CO_2$eq (coibhéis dé-ocsaíde carbóin). Laghdaítear an chaidhp ar bhonn bliantúil lena áirithiú go gcomhlíonann an tAontas a sprioc uileghabhálach um laghduithe astaíochtaí. Tugann sé sin cinnteacht do chuideachtaí in CTA AE freisin maidir leis an nganntanas soláthair lamháltas a mheastar a bheidh ann.

Tá feidhm ag ríomhanna caidhpe ar leithligh maidir le hastaíochtaí ó ghiniúint leictreachais agus teasa, táirgeadh tionsclaíoch agus muiriompar agus ón eitlíocht faoi raon feidhme CTA AE. In 2023, eisíodh 1 485 575 977 lamháltas le haghaidh giniúint leictreachais agus teasa agus táirgeadh tionsclaíoch, agus eisíodh 26 341 779 lamháltas le haghaidh eitlíochta. Áirítear muiriompar sna ríomhanna caidhpe ó 2024 ar aghaidh.

Idir 2021-2023, laghdaigh an chaidhp de réir ráta 2.2 % in aghaidh na bliana. Maidir le ríomh na caidhpe le haghaidh suiteálacha sna hearnálacha giniúna leictreachais agus teasa agus monaraíochta tionsclaíche, bhí sé sin coibhéiseach le 43 003 515 lamháltas in aghaidh na bliana. Léirítear i Table 1dTábla 1 cainníochtaí iomlána na lamháltas a eisíodh do na hearnálacha éagsúla faoi chaidhp CTA AE.

[13] Féach suíomh gréasáin an Choimisiúin Comhairliúchán maidir le cur i bhfeidhm an phrionsabail 'gan dochar suntasach a dhéanamh' faoin gCiste Aeráide Sóisialta chun tuilleadh faisnéise a fháil. Dúnadh an comhairliúchán an 23 Lúnasa 2024.

*Tábla 1. Caidhp CTA AE (2021-2024). Tá feidhm ag ríomhanna caidhpe ar leithligh maidir le (i) astaíochtaí ó ghiniúint leictreachais agus teasa, ó tháirgeadh tionsclaíoch agus ó 2024 ar aghaidh ó mhuiriompar, agus (ii) astaíochtaí ón eitlíocht faoi raon feidhme CTA AE.*

| Bliain | Cainníocht iomlán na lamháltas le haghaidh giniúint leictreachais agus teasa, táirgeadh tionsclaíoch agus muiriompair | Cainníocht iomlán na lamháltas eitlíochta |
|---|---|---|
| 2021 | 1 571 583 007 | 28 306 545 |
| 2022 | 1 528 579 492 | 27 268 379 |
| 2023 | 1 485 575 977 | 26 341 779 |
| 2024 | 1 386 051 745 | 27 563 529[14] |


Le hathbhreithniú 2023 ar Threoir CTA, socraíodh go dtiocfaidh laghdú 62 % ar astaíochtaí faoi 2030, i gcomparáid le 2005. Tháinig na chéad choigeartuithe ar an gcaidhp chun na críche sin i bhfeidhm in 2024 agus léirítear iad sa chinneadh (Cinneadh 2023/1575 ón gCoimisiún)[15] a glacadh an 27 Iúil 2023.

Laghdaíodh an chaidhp le haghaidh 2024 faoi 90 milliún lamháltas agus méadaíodh an ráta laghdaithe go 4.3 % in aghaidh na bliana le haghaidh na tréimhse 2024-2027, arbh iad 87 924 231 lamháltas in aghaidh na bliana. Aithnítear cheana leis na coigeartuithe sin gur áiríodh astaíochtaí ó mhuiriompar in CTA AE ó 2024 ar aghaidh. Ríomhadh caidhp 2024 ag 1 386 051 745 lamháltas.

Léirítear i bhFíor 1 na hathruithe ar an gcaidhp ar fud gach céime de CTA AE, lena n-áirítear na coigeartuithe atá le teacht.

[14] Ón 1 Eanáir 2024, leathnaíonn raon feidhme CTA AE don eitlíocht freisin chuig astaíochtaí ó fhormhór na n-eitiltí idir LEE agus na naoi réigiún is forimeallaí san Aontas chomh maith le heitiltí a imíonn ó na réigiúin is forimeallaí go dtí an Eilvéis agus an Ríocht Aontaithe (féach Caibidil 9). Léiríonn cainníocht iomlán na lamháltas don eitlíocht raon feidhme leathnaithe CTA AE don eitlíocht.

[15] Cinneadh (AE) 2023/1575 ón gCoimisiún an 27 Iúil 2023 maidir le cainníocht na lamháltas ar fud an Aontais atá le heisiúint faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais do 2024 (IO L 192, 31.7.2023).




*Fíor 1. Caidhp astaíochtaí a shocraítear i CTA AE, i gcomparáid le hastaíochtaí fíoraithe. Breithnítear san fhíor athbhreithniú 2023 ar Threoir CTA, i.e. athshocrú na caidhpe in 2024 agus 2026, áirítear earnáil an mhuiriompair in CTA AE ó 2024 ar aghaidh agus an fachtóir laghdaithe línigh 4.3 % in 2024-2027 agus 4.4 % ó 2028 ar aghaidh. Ní áirítear eitlíocht. De bharr athruithe ar an raon feidhme, níl figiúirí 2005-2007 inchomparáide go díreach leis na cinn is déanaí. Amhail ó 2021, ní chumhdaíonn CTA an Aontais suiteálacha sa Ríocht Aontaithe a thuilleadh, ní chuirtear san áireamh ach astaíochtaí ó ghineadóirí leictreachais i dTuaisceart Éireann. Eochair eolais: barraí (caidhp), barraí faoi scáth éadrom in 2014-2016 (lamháltais arna siarchoinneáil ó cheantanna), barraí faoi scáth éadrom ó 2019 (fothaí lamháltas chuig Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh), barraí faoi scáth dorcha ó 2024 (síneadh ar an raon feidhme muirí), líne bhriste (astaíochtaí fíoraithe).*

## 4. Lamháltais a chur ar ceant

Tá an cheantáil fós mar an príomh-mhodh chun lamháltais a leithdháileadh in CTA AE, arb í is cúis le 57 % den chaidhp[16]. Is sa Rialachán maidir le Ceantáil (Rialachán 1031/2010)[17] a shocraítear rialacha lena áirithiú go ndéantar ceantanna ar bhealach oscailte, trédhearcach, comhchuibhithe agus neamh-idirdhealaitheach. Is ann a shonraítear uainiú, riarachán agus gnéithe eile de lamháltais astaíochtaí a chur ar ceant.

In 2023, lean ceantanna ar aghaidh ag tarlú trí mheán an Mhalartáin Fuinnimh Eorpaigh AG (EEX):

- mar an comhardán ceantála le haghaidh 25 Bhallstát atá rannpháirteach i nós imeachta comhpháirteach;
- i gcás na Polainne, a roghnaigh gan a bheith páirteach sa nós imeachta comhpháirteach, ach nach bhfuil a hardán ceantála féin ceaptha go fóill aici;
- i gcás na hÍoslainne, Lichtinstéin, agus na hIorua, tar éis leasú a dhéanamh ar Chomhaontú LEE thiar in 2019 chun ligean dóibh a bheith rannpháirteach sa Chomhaontú maidir le Soláthar Comhpháirteach le haghaidh an chomhardáin ceantála;
- i gcás na Ríochta Aontaithe chun lamháltais a chur ar ceant le haghaidh gléasraí giniúna leictreachais i dTuaisceart Éireann.

Rinne EEX ceantáil ar lámháltais ar son na Gearmáine freisin mar a n-ardán ceantála don rogha gan a bheith páirteach.

soláthraítear le Table 2 forbhreathnú de mhéideanna bliantúla na lamháltas a chuir EEX ar ceant ó bhí 2021 ann.

---

[16] Sa chleachtas, athraíonn an sciar beacht de réir mar a laghdaíodh an líon lamháltas a cuireadh ar ceant chun cur le Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh, cé nach bhfuil aon athrú ar an líon lamháltas atá curtha in áirithe le haghaidh leithdháileadh saor in aisce.

[17] Rialachán (AE) Uimh. 1031/2010 ón gCoimisiún an 12 Samhain 2010 maidir le huainiú, riarachán agus gnéithe eile a bhaineann le ceantáil liúntas astaíochtaí gás ceaptha teasa de bhun Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear córas maidir le trádáil liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal (IO L 302, 18.11.2010).

*Tábla 2. Méid iomlán na lamháltas a cuireadh ar ceant (ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 30 Meitheamh 2024)*

| Bliain | Lamháltais ghinearálta | Lamháltais eitlíochta |
|---|---|---|
| 2021 | 582 952 500 | 3 785 500 |
| 2022 | 482 389 000 | 3 698 000 |
| 2023 | 517 587 000 | 5 720 500 |
| 2024<br>(go dtí an 30 Meitheamh) | 281 107 000 | 2 718 000 |

San iomlán, rinneadh 223 cheant in 2023, agus rinneadh 106 cheant sa chéad leath de 2024. Níor cuireadh aon cheant ar ceal.

Ó mhí Iúil 2023 ar aghaidh, áirítear sna méideanna ceantála lamháltais a leithdháiltear ar an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) faoi Rialachán REPowerEU (Rialachán 2023/435)[18]. Cruinneoidh lamháltais a chuirfear ar ceant faoi Rialachán REPowerEU EUR 20 billiún le haghaidh na tSaoráide faoin 31 Lúnasa 2026[19]. Bainfidh na Ballstáit úsáid as acmhainní breise sin na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta chun tuilleadh athchóirithe a dhéanamh agus chun infheistíochtaí a dhéanamh chun an t-aistriú fuinnimh ghlain a chur chun cinn agus borradh a chur faoin tslándáil fuinnimh. In 2023 agus sa chéad leath de 2024, cruinníodh breis agus EUR 5.5 billiún le haghaidh na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta - REPowerEU (cuireadh 35 325 000 lamháltas ar ceant in 2023 agus cuireadh 42 124 500 lamháltas ar ceant sa chéad leath de 2024).

Tugtar forléargas i bhFíor 2 ar phraghsanna imréitigh ceantála i margadh carbóin an Aontais in 2023 agus sa chéad leath de 2024. An praghas ceantála is airde in 2023, is é sin EUR 96,33, baineadh amach é an 28 Feabhra. Taifeadadh an praghas is ísle, is é sin EUR 66.49, ag an gceant deireanach den bhliain, ar an 18 Nollaig, rud a léiríonn an treocht ghinearálta anuas sa dara leath den bhliain. Ba é EUR 83.60 an meánphraghas in 2023, méadú ó EUR 80.18 in 2022. Sa chéad leath de 2024, bhí an praghas idir EUR 49.50 (23 Feabhra) agus EUR 75.35 (3 Meitheamh).

Foilsíonn an t-ardán ceantála torthaí mionsonraithe ó gach ceant go tráthrialta ar a shuíomh gréasáin[20]. Is féidir teacht ar fhaisnéis bhreise maidir le feidhmíocht ceantanna, lena n-áirítear rannpháirtíocht, cóimheasa cumhdaigh agus praghsanna, sna tuarascálacha ar cheantanna thíortha CTA[21].

---

[18] Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2023 (IO L 63, 28.2.2023).

[19] Uasdátú rialála, Féilire na gceantanna athbhreithnithe 2023 foilsithe, An Ard-Stiúrthóireacht um Ghníomhú ar son na hAeráide, 23.7.2023.

[20] EEX, Ceantanna CTA AE.

[21] Tuarascálacha Ceantanna, An Ard-Stiúrthóireacht um Ghníomhú ar son na hAeráide, 30.6.2024.

*Fíor 2. Praghsanna imréitigh i gceantanna lamháltas ginearálta (ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 30 Meitheamh 2024) [EUR/tona $CO_2$]*




## 5. Leithdháileadh saor in aisce lamháltas

Cé gurb í an cheantáil an príomh-mhodh le lamháltais a leithdháileadh i CTA AE, leithdháiltear méid nach beag de na lamháltais ar shuiteálacha saor in aisce chun aghaidh a thabhairt ar riosca an sceite carbóin[22]. Is beart idirthréimhseach é an leithdháileadh saor in aisce, áfach, a dhíríonn go príomha ar earnálacha tionscail.

Sainaithnítear i liosta tiomnaithe sceití carbóin earnálacha atá i mbaol sceite carbóin, atá incháilithe le leithdháileadh saor in aisce a fháil. Sainaithnítear sa liosta le haghaidh 2021-2030 63 earnáil agus fho-earnáil lena gcumhdaítear tuairim is 94 % d'astaíochtaí tionsclaíocha in CTA AE[23].

Tá leithdháileadh saor in aisce d'earnálacha sonracha bunaithe ar thagarmharcanna feidhmíochta, lena léirítear meándéine astaíochtaí in aghaidh an aonaid táirge den 10 % de na suiteálacha is éifeachtúla i ngach earnáil. I gcás astaíochtaí a théann thar na luachanna tagarmhairc sin, ní mór lamháltais a cheannach ar an margadh. Laghdaítear tagarmharcanna freisin de réir a chéile chun an dreasacht a neartú don earnáil chun dícharbónú a dhéanamh agus an nuálaíocht a bhrú ar aghaidh.

[22] D'fhéadfadh sceitheadh carbóin tarlú má bhogtar gníomhaíochtaí arna rialáil ag CTA chuig tíortha nach Ballstáit den Aontas iad ag a bhfuil beartais aeráide nach bhfuil chomh huaillmhianach céanna agus méadú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa foriomlána mar thoradh ar sin.

[23] Cinneadh Tarmligthe (AE) 2019/708 ón gCoimisiún an 15 Feabhra 2019 lena bhforlíontar Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na hearnálacha agus na fo-earnálacha a chinneadh a mheastar a bhfuil riosca sceite carbóin ag baint leo sa tréimhse 2021 go 2030 (IO L 120, 8.5.2019)

In 2021, thug an Coimisiún na luachanna tagarmhairc cothrom le dáta don chéad tréimhse leithdháilte, 2021-2025[24]. Déanfar na tagarmharcanna a thabhairt cothrom le dáta don dara tréimhse leithdháilte (2026-2030). De réir na Treorach Eorpaí athbhreithnithe maidir le Córas Trádála Astaíochtaí, déanfar na rátaí laghdaithe bliantúla a mhéadú ansin chun tuilleadh claochlaithe tionsclaíoch a spreagadh. Méadóidh an t-íosráta ó 0.2 % go 0.3 % in aghaidh na bliana agus méadóidh an t-uasráta ó 1.6 % go 2.5 % in aghaidh na bliana. Cinnfear an ráta laghdaithe bliantúil is infheidhme go sonrach le haghaidh gach tagarmhairc.

Ó bhí 2021 ann, tá méid na leithdháiltí saor in aisce á choigeartú nuair a tharlaíonn athruithe sa táirgeadh tionsclaíoch[25]. Socraítear an tairseach le haghaidh coigeartuithe ag 15 % chun táirgeadh a mhéadú nó a laghdú. Ceanglaítear ar oibreoirí tuarascálacha bliantúla ar shonraí táirgeachta a chur faoi bhráid na n-údarás inniúil náisiúnta, ar tuarascálacha iad ar féidir coigeartuithe ar a mbonn a dhéanamh ar mhéideanna na leithdháiltí saor in aisce a eisítear. Mar thoradh ar an déine bhreise sin tháinig méadú ar an líon coigeartuithe bliantúla ar na leithdháiltí saor in aisce. Bhí an meánlíon iarratas in aghaidh na bliana a cuireadh isteach in 2021-2023 os cionn 3 800, thart ar thrí oiread níos mó ná an meán bliantúil suas go dtí 2020.

I dtús báire, ríomhadh méid iomlán an leithdháilte shaor in aisce le haghaidh 2021-2025 ag 2 791 mhilliún lamháltas le haghaidh 7 430 suiteáil. Ag glacadh le praghas carbóin de EUR 75/t$CO_2$, bheadh luach thart ar EUR 42 bhilliún ar an leithdháileadh sin gach bliain le linn na tréimhse sin. Faoi lár 2024, ghlac an Coimisiún 12 chinneadh chun méideanna an leithdháilte saor in aisce a choigeartú i ngeall ar athruithe ar mhéideanna táirgeachta tionsclaíche, a raibh laghdú 116.8 milliún lamháltas mar thoradh air[26]. I gcomhthráth leis sin áfach, ghlac an Coimisiún cúig chinneadh lenar ceartaíodh méid tosaigh an leithdháilte shaor in aisce agus lenar cuireadh 4.6 milliún lamháltas leis[27]. Bhí gá leis sin mar gheall ar earráidí a fuarthas sna sonraí arna gcur isteach ag suiteálacha. Ar an bhforiomlán, laghdaíodh an leithdháileadh saor in aisce do 2021-2025 faoi 112.2 milliún lamháltas go dtí seo i gcomparáid leis an leithdháileadh tosaigh saor in aisce.

Coigeartuithe a ghabhann leis an leibhéal de leithdháileadh saor in aisce a dhéantar ón gCúlchiste le haghaidh Iontrálaithe Nua (NER). Áirítear ar na coigeartuithe sin freisin athruithe ar an leithdháileadh de bharr oscailt nó dhúnadh suiteálacha. Ba é 331.3 milliún lamháltas méid tosaigh NER ag tús 2021. Áiríodh air sin lamháltais neamh-leithdháilte agus 200 milliún lamháltas ó Chúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh.

---

[24] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún an 12 Márta 2021 lena gcinntear luachanna tagarmhairc athbhreithnithe maidir le lamháltais astaíochtaí a leithdháileadh saor in aisce le haghaidh na tréimhse ó 2021 go 2025 de bhun Airteagal 10a(2) de Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 87, 15.3.2021)

[25] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1842 ón gCoimisiún an 31 Deireadh Fómhair 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le socruithe breise i gcomhair na gcoigeartuithe ar leithdháileadh saor in aisce lamháltas astaíochtaí mar gheall ar athruithe ar an leibhéal gníomhaíochta, (IO L 282, 4.11.2019)

[26] Ghlac Údarás Faireachais Chomhaontú Saorthrádála na hEorpa Cinntí ar son na hÍoslainne, na hIorua agus Lichtinstéin freisin.

[27] Ghlac Údarás Faireachais Chomhaontú Saorthrádála na hEorpa Cinntí ar son na hÍoslainne, na hIorua agus Lichtinstéin freisin.

Table 3 tugtar achoimre ar na leibhéil bhliantúla den leithdháileadh saor in aisce sa chéad tréimhse leithdháilte (leibhéil tosaigh agus choigeartaithe araon).

*Tábla 3. Leithdháileadh saor in aisce faoi CTA AE (2021-2025) [milliún lamháltas]. Sonraí a baineadh as Clárlann an Aontais an 30 Meitheamh 2024.*

| **Bliain** | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Leithdháileadh saor in aisce tosaigh (AE-27 + an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua)** | 559.6 | 558.9 | 558.2 | 557.5 | 556.8 | 2 791.1 |
| **Leithdháileadh saor in aisce iarbhír** | 545.9 | 542.5 | 537.3 | 527.0 | 526.2 | 2 678.9 |
| **Leithdháileadh saor in aisce coigeartaithe agus ceartaithe** | - 13.7 | - 16.4 | - 20.9 | - 30.5 | - 30.6 | - 112.2 |

Déanann an t-athbhreithniú ar an Treoir Eorpach maidir le Córas Trádála Astaíochtaí agus na rialacha maidir le leithdháileadh saor in aisce a ailíniú le CTA AE neartaithe. Leathnaíodh raon feidhme na ngníomhaíochtaí a rialaítear leis an gcóras agus leis na tagarmharcanna chun úsáid teicneolaíochtaí nua amhail hidrigin ghlas nó cruach hidriginbhunaithe a spreagadh. I gcomhthreo, tugadh isteach ceanglais choinníollachta chun rochtain a fháil ar an leithdháileadh saor in aisce. Bíonn siad sin i bhfoirm iniúchtaí fuinnimh agus i gcás suiteálacha áirithe, i bhfoirm pleananna aeráidneodrachta.

Chun athbhreithniú 2023 ar Threoir CTA a chur chun feidhme, glacadh athbhreithniú ar an Rialachán maidir le Leithdháileadh Saor in Aisce (Rialachán Tarmligthe 2019/331) i mí Eanáir 2024[28]. Leis an athbhreithniú tugtar feabhsuithe breise isteach bunaithe ar an taithí a fuarthas sna chéad bhlianta den tréimhse leithdháilte atá ann faoi láthair. Áirítear ar na príomhathruithe an choinníollacht a thabhairt isteach maidir leis an leithdháileadh saor in aisce agus deireadh a chur de réir a chéile le leithdháileadh saor in aisce le haghaidh táirgí áirithe a chomhfhreagraíonn do chéimniú isteach an tSásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha (SCCT). Ina theannta sin, chun laghduithe astaíochtaí a dhreasú tuilleadh agus chun cothrom iomaíochta a áirithiú idir teicneolaíochtaí traidisiúnta agus teicneolaíochtaí nua, modhnaíodh roinnt sainmhínithe ar thagarmharcanna táirgí, go háirithe na sainmhínithe sin a bhaineann le táirgeadh hidrigine agus cruach. Rinneadh coigeartuithe freisin ar ghnéithe eile den Rialachán maidir le Leithdháileadh Saor in Aisce chun leictriú na bpróiseas tionsclaíoch a dhreasú.

[28] Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/873 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2024 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/331 a mhéid a bhaineann le rialacha idirthréimhseacha uile-Aontais maidir le leithdháileadh comhchuibhithe saor in aisce lamháltas astaíochtaí (IO L, 2024/873, 4.4.2024). Féach an téacs comhdhlúite.

### 5.1. Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha

Mar chuid den phacáiste 'Oiriúnach do 55', glacadh an Rialachán maidir leis an Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha (SCCT) (Rialachán 2023/956)[29] chun an riosca sceite carbóin a mhaolú le linn don Aontas a ghníomhaíocht ar son na haeráide a neartú.

In earnálacha tionscail áirithe atá cumhdaithe ag CTA AE (stroighin, alúmanam, leasacháin, hidrigin, iarann agus cruach), tiocfaidh SCCT in ionad an leithdháilte saor in aisce de réir a chéile ó 2026 ar aghaidh. Thart ar 54 % den leithdháileadh saor in aisce iomlán in 2021-2025 is ea na hearnálacha sin. Ó 2026 ar aghaidh, beidh ar allmhaireoirí earraí in earnálacha SCCT chuig an Aontas deimhnithe a cheannach agus a thabhairt suas le haghaidh na n-astaíochtaí leabaithe. Chun tacú le tionscail ina n-iarrachtaí dícharbónaithe, treoraítear le Treoir CTA fáltais ó cheantáil lamháltas saor in aisce arna gcéimniú amach chuig an gCiste don Nuálaíocht (féach Caibidil 8.2), agus aird ar leith á tabhairt ar thionscadail in earnálacha SCCT.

Trína áirithiú go n-íocfar praghas coibhéiseach as na hastaíochtaí carbóin leabaithe a ghintear i dtáirgeadh earraí áirithe a allmhairítear isteach san Aontas, áiritheoidh SCCT go mbeidh praghas carbóin na n-allmhairí coibhéiseach le praghas carbóin na táirgeachta intíre (faoi CTA AE), agus nach ndéanfar dochar do chuspóirí aeráide an Aontais. Cumhdófar le SCCT astaíochtaí díreacha le haghaidh na n-earnálacha uile a chumhdaítear agus astaíochtaí indíreacha (ó leictreachas a ídítear le linn próisis táirgthe) le haghaidh stroighne agus leasachán. Ní dhéanfar astaíochtaí indíreacha a mheas ar dtús le haghaidh na n-earnálacha a bheidh incháilithe don chabhair indíreach maidir le costas carbóin (i.e. alúmanam, hidrigin, iarann agus cruach – féach Caibidil 8.1).

Cuireadh tús le hidirthréimhse, a dtuairiscíonn allmhaireoirí astaíochtaí lena linn cé nach bhfuil ceangal orthu fós íocaíochtaí a dhéanamh, i mí Dheireadh Fómhair 2023 agus beidh sí i bhfeidhm go dtí deireadh 2025, sula ndéanfar an córas nua a chéimniú isteach de réir a chéile.

### 5.2. Riosca sceite carbóin d'earraí arna dtáirgeadh ag earnálacha CBAM san Aontas lena n-onnmhairiú

D'fhéadfadh earraí a tháirgtear in earnálacha SCCT san Aontas lena n-onnmhairiú a bheith faoi mhíbhuntáiste iomaíoch ar mhargaí tríú tíortha, má théann siad in iomaíocht le hearraí nach bhfuil faoi réir praghsáil carbóin choibhéiseach. Faoi Airteagal 10a(1a) den Treoir maidir le Trádáil Astaíochtaí, mar chuid dá tuarascáil bhliantúil ar fheidhmiú an mhargaidh carbóin Eorpaigh (an tuarascáil seo), ceanglaítear ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar an riosca sceite carbóin le haghaidh earraí a tháirgtear in earnálacha SCCT san Aontas agus a onnmhairítear chuig tríú tíortha nach gcuireann CTA AE ná sásra comhchosúil praghsála carbóin i bhfeidhm.

[29] Rialachán (AE) 2023/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena mbunaítear sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha (IO L 130, 16.5.2023).

Sheol an Coimisiún a mheasúnú in R3-2024[30], agus tá na torthaí tosaigh san áireamh sa tuarascáil seo. Déanfar rogha na méadrachta agus na modheolaíochta a bheachtú tuilleadh le haghaidh measúnuithe amach anseo chun faireachán a dhéanamh ar an riosca sceite carbóin a d'fhéadfadh a bheith ann ar bhealach is féidir a thabhairt cothrom le dáta le himeacht ama[31]. Ní féidir na torthaí tosaigh a áireamh ina dtorthaí cinntitheacha ós rud é go bhfuil SCCT fós ina chéim idirthréimhseach. Mar sin féin, leanfaidh an Coimisiún de mheasúnú a dhéanamh ar sceitheadh carbóin le haghaidh onnmhairí le linn SCCT a chéimniú isteach de réir a chéile (agus deireadh a chur de réir a chéile leis an leithdháileadh saor in aisce) a cheanglaítear le Treoir ETS agus le Rialachán SCCT.

A luaithe a chuirtear an obair anailíseach curtha i gcrích, foilseofar na torthaí nuashonraithe, bunaithe ar raon níos leithne táscairí, anailísí cáilíochtúla agus aiseolas ó gheallsealbhóirí. Cumhdófar le measúnuithe breise ról agus glacadh brostaithe hidrigine chomh maith le forbairtí a bhaineann le sreafaí trádála agus astaíochtaí leabaithe earraí arna dtáirgeadh ag earnálacha SCCT ar an margadh domhanda. Leanfaidh an Coimisiún dá mheasúnú ar shaincheist an riosca sceite carbóin le haghaidh onnmhairí de réir mar a thosaíonn SCCT ar a chéim chinntitheach, agus tuairisceoidh an Coimisiún ar an tsaincheist roimh mhí Eanáir 2028 mar a cheanglaítear le hAirteagal 30(6) de Rialachán SCCT.

Sa mheasúnú tosaigh díríodh ar chomparáid a dhéanamh idir déine na n-astaíochtaí san Aontas (arna sloinneadh in kg $CO_2$eq in aghaidh an EUR dá luach táirgeachta)[32] agus déine na n-onnmhairí (luach na n-onnmhairí arna roinnt ar shuim an luacha táirgeachta agus an luacha allmhairiúcháin)[33]. I bhFíor 3, déantar comparáid idir an dá tháscaire ar leibhéal 8 ndigit (AC)[34]. Dá airde déine onnmhairiúcháin agus déine astaíochtaí earra SCCT, is ea is íogaire atá onnmhairí an earra sin i leith praghsanna carbóin méadaithe agus is ea is leochailí a d'fhéadfadh sé a bheith i leith riosca féideartha sceite carbóin i gcás difríochtaí ábhartha éifeachtacha i bpraghsanna carbóin le tríú tíortha.

Léiríonn méid na mbolgán i bhFíor 3 an comhluach a bhaineann leis an déine onnmhairí a iolrú faoin déine astaíochtaí le haghaidh gach ceann de na hearraí SCCT. Leis an luach táscaire

[30] Tagairt an chonartha CLIMA/A4/FWC/2023/0002/RICARDO

[31] Ní athróidh an measúnú sin toradh an mheasúnaithe chun liosta sceite carbóin 2021-2030 a chinneadh ar leibhéal chód NACE 4 dhigit.

[32] Tógadh luachanna déine astaíochtaí ón Airmheán Comhpháirteach Taighde (2023) Déiní astaíochtaí gás ceaptha teasa na dtionscal cruach, leasachán, alúmanaim agus stroighne san Aontas agus ina phríomh-chomhpháirtithe trádála agus Meastachán ar mheándéine astaíochtaí gás ceaptha teasa domhanda an táirgthe hidrigine. Rinneadh na luachanna sin le haghaidh earraí SCCT d'astaíochtaí díreacha agus indíreacha araon a iolrú ansin faoi shonraí 2019 ó PRODCOM maidir leis an méid táirgeachta a díoladh agus a roinnt ar shonraí 2019 ó PRODCOM maidir leis an luach táirgeachta a díoladh. Ríomhadh luach déine GCT le haghaidh hidrigine bunaithe ar shonraí 2021. Dheimhnigh an t-údar nach rabhthas ag súil go n-athródh an luach go suntasach agus mar sin glacadh leis sa mheasúnú go mbeadh an luach céanna i gceist le haghaidh 2019.

[33] I gcás luachanna táirgthe, allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin 2022, baineadh úsáid as sonraí ó PRODCOM.

[34] Beidh gá le tuilleadh faisnéise, mar shampla, maidir le patrúin trádála le tríú tíortha agus maidir leis an bpraghsáil $CO_2$ a chuirtear i bhfeidhm thar lear, sular féidir teacht ar chonclúidí níos cinntithí maidir le stádas riosca sceite carbóin na n-earraí a chumhdaítear le SCCT.

comhcheangailte sin ar an leibhéal 8 ndigit, féadfar léiriú foriomlán a thabhairt ar a íogaire atá na honnmhairí i leith praghsáil carbóin. Mar sin féin, níl sé inchomparáide go díreach leis an táscaire sceite carbóin (CLI) a úsáidtear chun liosta sceite carbóin 2021-2030 a chinneadh, liosta atá níos comhiomlánaithe (leibhéal 4 dhigit) agus nach ndíríonn go sonrach ar onnmhairí[35]. Seo a leanas roinnt de na ceachtanna tosaigh ó na réamhthorthaí:

- Ní thagann aon táirge faoin gceathrú atá dian ar astaíochtaí agus ar onnmhairí araon. Is beag trádáil a dhéantar ar tháirgí atá an-dian ar astaíochtaí. Agus baineann déine astaíochtaí réasúnta íseal leis na táirgí uile a mbaineann déine ard onnmhairiúcháin leo.


- Tá déine astaíochtaí hidrigine (ciorcal liath) réasúnta ard, ach tá déine onnmhairiúcháin hidrigine an-íseal, rud a fhágann go bhfuil an luach táscaire comhcheangailte, 0.013, íseal. Mar sin féin, mar thoradh ar an nglacadh hidrigine a tháirgtear le fuinneamh in-athnuaite d'fhéadfaí na treochtaí sin a aisiompú ag brath ar an gcaoi a bhforbraíonn an margadh le haghaidh hidrigin in-athnuaite.

- Ní dhéantar earraí ón earnáil stroighne (ciorcail oráiste) a thrádáil chomh minic céanna. Is fusa an clincear stroighne - táirge ionchuir dian-astaíochtaí, a sheoladh, áfach, ná stroighin. Éilíonn sé sin tuilleadh imscrúdaithe toisc go bhfuil luach táscaire comhcheangailte ard, 2.109, aige faoi láthair.

- Tá luachanna déine astaíochtaí níos ísle ag go leor leasachán (ciorcail bhuí), earraí alúmanaim (ciorcail ghlasa) agus earraí cruach (ciorcail ghorma) ná mar atá ag hidrigin agus earraí stroighne ach is minice a onnmhairítear iad agus, dá bhrí sin, bíonn na luachanna táscaire comhcheangailte réasúnta ard.

Is chun críoch léiriúcháin amháin a sholáthraítear na luachanna táscaire comhcheangailte le haghaidh rogha táirgí SCCT ó gach ceann de na hearnálacha tionsclaíocha a chumhdaítear. Níor socraíodh aon luach tairsí chun teorainn a chur le raon feidhme earraí SCCT a bheidh le measúnú go cainníochtúil agus go cáilíochtúil araon le haghaidh riosca féideartha sceite carbóin.

[35] Tá na luachanna táscaire comhcheangailte ar an leibhéal 8 ndigit níos ísle ná luachanna táscaire sceite carbóin arna ríomh ar an leibhéal 4 dhigit toisc nach mbaineann an déine trádála ach le honnmhairí agus go gcuirtear luach táirgeachta (atá níos ísle i gcomparáid) in ionad sonraí oll-bhreisluacha (OBL) agus, dá bhrí sin, ní féidir an luach tairsí 0.2 a cuireadh i bhfeidhm ar liosta sceite carbóin 2021-2030 chun earnálacha nó fo-earnálacha i mbaol ó sceitheadh carbóin a chinneadh a chur i bhfeidhm go díreach ar na comhluachanna táscaire arna ríomh d'earraí SCCT ar an leibhéal 8 ndigit.




*Fíor 3. Comparáid idir luachanna déine onnmhairiúcháin agus luachanna déine astaíochtaí earraí SCCT*

# 6. Margadh carbóin an Aontais

## 6.1. Soláthar agus éileamh a chothromú


Is réiteach riailbhunaithe, fadtéarmach é Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh (MSR) ar éagothroime struchtúrach idir an soláthar lamháltas i margadh carbóin an Aontais agus an t-éileamh orthu i dtús chéim 3. In 2013, bhí barrachas 2.1 billiún lamháltas ag an margadh, líon a laghdaíodh ó shin le cuidiú Chúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh. Leis an gCúlchiste cuirtear feabhas ar chothromaíocht an mhargaidh sa ghearrthéarma freisin, rud a fhágann go bhfuil an margadh níos athléimní in aghaidh suaití tobanna soláthair agus éilimh, mar shampla i ngeall ar an gcor chun donais eacnamaíoch a tharla mar gheall ar phaindéim COVID-19 in 2020.

Le Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh, coigeartaítear soláthar na lamháltas i margadh carbóin an Aontais de réir tairseacha réamhshocraithe de líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht. Bunaithe ar an leibhéal TNAC, tarraingítear lamháltais siar ó cheantanna agus cuirtear sa Chúlchiste iad nó scaoiltear ón gCúlchiste agus cuirtear ar ceant iad. Ar an mbealach sin, cothaítear cothromaíocht agus athléimneacht ó shuaití a bhainfidh don soláthar agus don éileamh, rud a chuireann ar a chumas do mhargadh carbóin an Aontais feidhmiú go rianúil. Cuireadh tús le hoibriú an Chúlchiste in 2019 agus tá lamháltais tarraingthe siar ón gcúrsaíocht gach bliain ón uair sin aige.

Foilsíonn an Coimisiún líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht gach bliain. Ríomhtar é don bhliain roimhe sin, agus déantar coigeartuithe ar an soláthar thar an 12 mhí tar éis a fhoilsithe agus de réir eochair shonrach. An 1 Meitheamh 2024, d'fhoilsigh an Coimisiún an Teachtaireacht maidir le líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht in 2023[36]. Léirítear inti na hathruithe a rinneadh chun an Cúlchiste a neartú mar chuid den phacáiste 'Oiriúnach do 55' – san athbhreithniú ar an Treoir maidir le Trádáil Astaíochtaí agus ar an gCinneadh maidir le Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh araon.

Is é 1.11 billiún lamháltas a bhí i gceist le líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht in 2023 – laghdú i gcomparáid le 2022 ach fós os cionn na tairsí lena ngníomhachtaítear an Cúlchiste. Dá thoradh sin, tá 267 milliún lamháltas (24 % de líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht) á dtarraingt siar ó cheantanna idir mí Meán Fómhair 2024 agus mí Lúnasa 2025. Amhail ó 2023, neamhbhailíochtaítear lamháltais os cionn tairseach áirithe i sealúchais Chúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh. Ó 2024 ar aghaidh, socraíodh gurb é 400 milliún lamháltas an tairseach is infheidhme. An 1 Eanáir 2024, chuir Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh 382 mhilliún lamháltas ó bhail, rud a d'fhág 400 milliún sa Chúlchiste. Ó 2023 i leith, chuir Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh 2.9 billiún lamháltas san iomlán ó bhail.

Léirítear i bhFíor 4 an treocht i mbarrachas lamháltas i margadh carbóin an Aontais ó bhí 2013 ann. Cuirtear ranníocaíochtaí náisiúnta le Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh i láthair i dTábla B i Roinn II den doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis seo.




*Fíor 4. Barrachas lamháltas i CTA an Aontais (2013-2023)*

[36] Teachtaireacht ón gCoimisiún – An líon iomlán lamháltas atá i gcúrsaíocht a fhoilsiú in 2023 chun críocha Chúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais arna bhunú le Treoir 2003/87/CE, (IO C, C/2024/3415, 3.6.2024)

### 6.2. Cealú deonach

Baineann Airteagal 12(4) de Threoir AE maidir le Trádáil Astaíochtaí le Ballstáit a chuireann lamháltais ar ceal, i gcás ina ndúntar acmhainneacht giniúna leictreachais ina gcríoch mar gheall ar bhearta náisiúnta breise. I gcás den sórt sin, ní mór don Bhallstát lena mbaineann an Coimisiún a chur ar an eolas faoi chealú a bheartaítear. Déantar an cealú trí chainníocht iomlán na lamháltas atá le cur ar ceant ag an mBallstát lena mbaineann a laghdú agus teorannaítear an chainníocht d'uasmhéid shuim astaíochtaí fíoraithe na suiteála/na suiteálacha atá á ndúnadh, thar thréimhse 5 bliana roimh an dúnadh. Leagtar síos an nós imeachta maidir leis na lamháltais sin a chur ar ceal in Airteagal 25 den Rialachán maidir le hastaíochtaí a Chur ar Ceant.

I mí na Nollag 2023, thug an Ghearmáin fógra go raibh sé ar intinn aici lamháltais a bhain le dúnadh dhá ghléasra cumhachta in 2022 a chur ar ceal go deonach mar chuid de bheartas na tíre deireadh a chur de réir a chéile le gual. Tá líon na lamháltas ar tugadh fógra ina leith agus atá le cur ar ceal fós le cinneadh. D'fhoilsigh an Coimisiún an fógra ar a shuíomh gréasáin[37].

Tá sé beartaithe na cealuithe a dhéanamh idir 2025 agus 2030. Féadfar líon beacht na lamháltas atá le cur ar ceal i ndáil leis an bhfógra a chur in iúl don Choimisiún gach bliain. Is é an 31 Bealtaine 2025 an spriocdháta don chéad fhógra. Beidh an mhodheolaíocht lena ríomhfar líon foriomlán na lamháltas atá le cur ar ceal ina cuid den fhógra agus cuirfear san áireamh léi astaíochtaí ón nginiúint leictreachais athsholáthair sa mhargadh leictreachais chomh maith le feidhmiú Chúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh.

### 6.3. Formhaoirseacht margaidh

Tá margadh carbóin an Aontais faoi réir rialacha diana formhaoirseachta margaidh a chumhdaítear i margaí airgeadais an Aontais. Is éard atá ann príomh-mhargadh, ina gcuirtear lamháltais astaíochtaí ar ceant do rannpháirtithe sa mhargadh agus margadh tánaisteach ina ndéantar spotchonarthaí agus conarthaí díorthach lamháltas astaíochtaí a thrádáil i measc rannpháirtithe sa mhargadh. Aicmítear spotchonarthaí agus conarthaí díorthach i lamháltais astaíochtaí araon mar ionstraimí airgeadais faoi MIFID II – an Treoir maidir le margaí in ionstraimí airgeadais (Treoir 2014/65/AE)[38]. Léirítear an t-aicmiú sin sa reachtaíocht thánaisteach freisin, lena n-áirítear an Rialachán maidir le Ceantáil, lena ndéantar maoirseacht ar an bpríomh-mhargadh (ceantanna lamháltas).

[37] Fógra ón nGearmáin maidir le cealú deonach i gcás gléasraí a dúnadh in 2022, an Ard-Stiúrthóireacht um Ghníomhú ar son na hAeráide, 2.05.2024

[38] Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais (IO L 173, 12.6.2014). Féach an leagan comhdhlúite.

Comhroinntear an mhaoirseacht ar mhargadh carbóin an Aontais idir údaráis airgeadais na mBallstát uile[39], faoi chomhordú an rialtóra Eorpaigh, an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA). Déanann ESMA faireachán ar iompraíocht rannpháirtithe na margaí trí cheanglais fhairsinge um thuairisciú agus trédhearcacht. Ina theannta sin, leis an Rialachán maidir le drochúsáid mhargaidh (Rialachán 596/2014)[40], cuirtear d'oibleagáid ar rannpháirtithe sa mhargadh orduithe agus idirbhearta amhrasacha a thuairisciú láithreach. Ar a seal féin, tá sé de chumhacht ag údaráis náisiúnta freagairt a thabhairt le gníomhaíocht cheartaitheach nó le pionóis má shainaithníonn siad an drochúsáid mhargaidh.

In athbhreithniú 2023 ar an Treoir maidir le Trádáil Astaíochtaí, comhaontaíodh roinnt leasuithe chun trédhearcacht mhargadh carbóin an Aontais a fheabhsú a thuilleadh. Iarradh ar an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí measúnú tréimhsiúil a dhéanamh ar fheidhmiú an mhargaidh. An 31 Lúnasa 2023, d'fhoilsigh ESMA an 'Tuarascáil ó 2023 uaithi maidir le treochtaí, rioscaí agus leochaileachtaí' lena chinneadh gur fhan margadh carbóin an Aontais cobhsaí in 2023 agus gur lean sé d'oibriú i gcomhréir le bunphrionsabail an mhargaidh.

An 7 Deireadh Fómhair 2024, d'fhoilsigh ESMA tuarascáil nuashonraithe maidir leis an bhfaireachán ar mhargadh carbóin an Aontais[41]. Áirítear sa tuarascáil an anailís is déanaí ar an margadh carbóin, bunaithe ar shonraí 2023. Ní nochtar aon saincheist shuntasach sa tuarascáil maidir le feidhmiú an mhargaidh. Tugtar le fios inti go bhfuil dícharbónú earnáil na cumhachta agus gníomhaíocht thionsclaíoch ina mbuntosca tábhachtacha margaidh d'fhorbairt an mhargaidh.

Thug ESMA breac-chuntas freisin ar chomhchruinniú coibhneasta na gceantanna, rud atá amhlaidh mar gheall ar thosaíocht na n-oibreoirí lamháltais a fhoinsiú trí idirghabhálaithe airgeadais. Mhínigh ESMA gur trí dhíorthaigh den chuid is mó a dhéantar an trádáil sna margaí tánaisteacha, tar éis thimthriall comhlíontachta bliantúil CTA AE, i gcás ina sealbhaíonn gnólachtaí san earnáil neamhairgeadais suíomhanna fada (chun críoch comhlíontachta), cé go sealbhaíonn bainc agus gnólachtaí infheistíochta suíomhanna gearra. Cuirtear i dtábhacht sa tuarascáil gur cuireadh chun feidhme formhór na moltaí ó thuarascáil 2022 ESMA a raibh sé d'aidhm acu feabhas a chur ar thrédhearcacht an mhargaidh carbóin.

Chuir ESMA i dtábhacht freisin a thábhachtaí atá sé Aitheantóirí Eintitis Dhlítheanaigh (LEInna) a bheith ar fáil d'eintitis i gClárlann an Aontais agus iarrann sé ar riarthóirí náisiúnta iarracht bhreise a dhéanamh chun a áirithiú go gcuirfear an ceanglas maidir le clárú LEI chun feidhme go tráthúil. Tá sé sin ábhartha go háirithe in 2024, ós rud é go dtiocfaidh méadú ar líon

[39] Féach an liosta de na húdaráis inniúla náisiúnta atá freagrach faoin Rialachán maidir le drochúsáid mhargaidh ar shuíomh gréasáin ESMA.

[40] Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014, (IO L 173, 12.6.2014). Féach an leagan comhdhlúite.

[41] Tuarascáil Mhargaidh ESMA ar Mhargaí Carbóin an Aontais - 2024 (ESMA50-43599798-10379, 7.10.2024)

na sealbhóirí cuntais mar gheall ar leathnú CTA AE. Measann ESMA gur gá tuilleadh anailíse agus faireacháin a dhéanamh ar an margadh carbóin i ndáil leis sin.

Cé nach bhfuil sé éigeantach Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh a bheith ann chun cuntas a oscailt i gClárlann an Aontais, ceanglaítear ar eintitis a bhfuil LEI acu an fhaisnéis sin a thuairisciú i gClárlann an Aontais agus cuntas á oscailt. Ina theannta sin, ceanglaítear le leasú 2023 ar an Rialachán maidir le Clárlann (Rialachán 2019/1122)[42] go ndéanfaidh riarthóirí náisiúnta athbhreithniú, faoi dheireadh 2024, ar na cuntais nach bhfuil faisnéis iontu faoin Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh nó faoi stádas an ionaid trádála nó an chontrapháirtí lárnaigh dá dtagraítear i dTábla III-I d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán.

Ar an 28 Márta 2024, tháinig MIFID II athbhreithnithe[43], MIFIR – an Rialachán maidir le margaí in ionstraimí airgeadais (Rialachán 2024/791)[44] i bhfeidhm, rud a neartaíonn a thuilleadh na rialacha maidir le margaí airgeadais, trédhearcacht agus maoirseacht. Le hAirteagal 57 de MIFIR, leathnaítear rialuithe ar bhainistiú suímh chuig ionaid trádála, a thrádálann díorthaigh lamháltas astaíochtaí. Le hAirteagal 58 de MIFIR leasaítear raon feidhme thuairisciú suímh na n-ionad trádála agus na ngnólachtaí infheistíochta trí lamháltais astaíochtaí a eisiamh agus tugtar isteach oibleagáid nua tuarascálacha suímh a chur isteach dhá uair sa tseachtain[45], rud a fheabhsaíonn an trédhearcacht maidir le trádáil lamháltas astaíochtaí agus díorthach díobh.

Ceanglaítear leis na rialacha nua freisin ar an gCoimisiún measúnú cuimsitheach a dhéanamh, faoin 31 Iúil 2025, ar oiriúnacht an chreata fhoriomláin rialacha do mhargaí díorthach tráchtearraí, lena n-áirítear lamháltais astaíochtaí agus táirgí díorthacha gaolmhara. Leis an measúnú sin, breithneofar an gcabhraíonn na córais le haghaidh na dteorainneacha suímh agus na rialuithe ar bhainistiú suímh le drochúsáid mhargaidh a chosc agus le coinníollacha praghsála agus socraíochta ordúla a chothú. Déanfaidh an Coimisiún measúnú freisin ar na critéir lena gcinntear cathain a mheasfar gníomhaíocht a bheith coimhdeach leis an bpríomhghnó ar leibhéal grúpa, agus ag cur san áireamh leachtacht agus feidhmiú ordúil mhargaí na ndíorthach tráchtearraí lena n-áirítear trádáil lamháltas astaíochtaí agus díorthach díobh. Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar a mhéid a d'fhéadfaí sonraí idirbhirt i margaí le haghaidh díorthaigh tráchtearraí nó le haghaidh díorthaigh lamháltas astaíochtaí a bhailiú in aon eintiteas bailithe amháin agus a chomhchuibhiú ar fud MIFIR agus

[42] Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1122 ón gCoimisiún an 12 Márta 2019 lena bhforlíontar Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le feidhmiú Chlárlann an Aontais (IO L 177, 2.7.2019). Féach an leagan comhdhlúite.

[43] Treoir (AE) 2024/790 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Feabhra 2024 lena leasaítear Treoir 2014/65/AE maidir le margaí in ionstraimí airgeadais (IO L, 2024/790, 8.3.2024). Féach an leagan comhdhlúite.

[44] Rialachán (AE) 2024/791 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Feabhra 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais (IO L, 2024/791, 8.3.2024). Féach an leagan comhdhlúite.

[45] Ní bhaineann an oibleagáid dhá thuarascáil a fhoilsiú ach le hionaid trádála a thairgeann todhchaíochtaí agus roghanna araon. Ionaid trádála nach dtairgeann ach todhchaíochtaí amháin, ní bheidh ach aon tuarascáil amháin á foilsiú acu i gcónaí.

an Rialacháin maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála (Rialachán 648/2012)[46] agus a chinneadh cé na sonraí idirbhirt a bheadh ábhartha don phobal agus an bealach ab fhearr chun na sonraí idirbhirt sin a scaipeadh.

Mar obair leantach ar na rialacha nua, d'fhoilsigh ESMA páipéar comhairliúcháin ar an 24 Bealtaine 2024[47] maidir le díorthaigh tráchtearraí, lena gcumhdaítear na príomhathruithe uile ar na caighdeáin theicniúla a bhaineann le athbhreithniú MIFID II maidir le díorthaigh tráchtearraí. Lorgaítear tuairimí na ngeallsealbhóirí ann maidir leis na leasuithe atá beartaithe. Ar bhonn an aiseolais ar an gcomhairliúchán poiblí sin, meastar go gcuirfidh ESMA tuarascáil i gcrích faoi dheireadh 2024 agus féadfaidh sé leasuithe leibhéal 2 a mholadh ar an mbonn sin.

## 7. Treochtaí astaíochta

In 2023, ba iad na hastaíochtaí foriomlána in CTA AE 1 149.1 milliún tona (Mt) $CO_2$eq (titim ó 1 361.9 Mt $Co_{2e}$eq in 2022). Ba iad na hastaíochtaí ó shuiteálacha cumhachta agus tionscail 1 095.9 Mt $CO_2$eq, 16.5 % níos lú ná in 2022. Is é sin an laghdú is mó ar na hastaíochtaí sin go dtí seo.

Leis an bhforbairt sin, tá astaíochtaí CTA ó shuiteálacha thart ar 47.6 % faoi bhun leibhéil 2005 anois agus tá siad ar an mbóthar ceart chun an sprioc -62 % a bhaint amach faoi 2030. Leis an treocht atá tugtha faoi deara, deimhnítear a éifeachtaí agus a éifeachtúla atá CTA AE mar cheann de na príomhdhreasachtaí beartais le haghaidh dícharbónú gheilleagar na hEorpa.

Is í earnáil na cumhachta ba chúis leis an laghdú is mó riamh ar astaíochtaí CTA AE, earnáil ina bhfuil laghdú 24 % tagtha ar astaíochtaí ó tháirgeadh leictreachais agus teasa i gcomparáid le 2022. Is é is mó is cúis leis an laghdú sin an méadú substaintiúil ar tháirgeadh leictreachais in-athnuaite (fuinneamh gaoithe agus gréine go príomha) agus gás a bheith á chur in ionad guail i nginiúint cumhachta, arna éascú le meánphraghsanna seasmhacha carbóin os cionn EUR 80/t$CO_2$ in 2023.

In 2023, ba é fuinneamh in-athnuaite an phríomhfhoinse leictreachais san Aontas, arbh é é 44.7 % den táirgeadh leictreachais ar fad[48]. An tráth céanna, tháinig laghdú 19.7 % ar leictreachas a ghintear ó bhreoslaí iontaise i gcomparáid le 2022, arbh é 32.5 % den táirgeadh leictreachais iomlán.

Agus 56 GW toilleadh nua grianfhuinnimh suiteáilte in 2023, tá an leibhéal is airde riamh socraithe ag an Aontas ón 40 GW breise a suiteáladh in 2022. Bhí toilleadh suiteáilte carnach iomlán 221 GW ag an bhfuinneamh gaoithe ar tír agus amach ón gcósta san Aontas (201 GW ar tír; 19 GW amach ón gcósta), agus suiteáladh 16 GW in 2023. Sháraigh gaoth an gás

[46] Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála (IO L 201, 27.7.2012). Féach an leagan comhdhlúite.

[47] Páipéar Comhairliúcháin maidir leis na leasuithe ar chaighdeáin theicniúla áirithe le haghaidh díorthaigh tráchtearraí, ESMA, 24.05.2024

[48] Tá foinsí in-athnuaite fuinnimh ar thús cadhnaíochta i nginiúint cumhachta in 2023, AS Eurostat, 27.6.2024

nádúrtha sa tslí gurb é anois an dara teicneolaíocht giniúna leictreachais is mó san Aontas, taobh thiar den earnáil núicléach[49].

Cé nach laghdú chomh mór céanna é, is é téarnamh an hidreafhuinnimh mar gheall ar dhálaí aeráide níos fabhraí agus an chumhacht núicléach, agus laghdú 2 % ar ghiniúint leictreachais ar an iomlán a bhí taobh thiar den laghdú astaíochtaí in earnáil na cumhachta freisin[50]. Léiríonn luath-tháscairí gur ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh a tháinig thart ar 50 % den ghiniúint leictreachais sa chéad leath de 2024, agus gur ghin an ghaoth agus an ghrian níos mó leictreachais ná na breoslaí iontaise le chéile[51].

Sna hearnálacha tionscail dianfhuinnimh, chonacthas laghdú 7.5 % ar astaíochtaí i gcomparáid le 2022, mar gheall ar mheascán d'aschur laghdaithe agus de ghnóthachain éifeachtúlachta. Níl leibhéil aschuir le haghaidh suiteálacha faoi raon feidhme CTA AE ar fáil tráth a bhfoilsithe. Léiríonn staitisticí maidir le táirgeadh tionsclaíoch ó Eurostat gur thit an táirgeadh tionsclaíoch foriomlán beagán in 2023 ach go bhfuil sé fós níos airde ná in 2019 agus 2021 (i.e. díreach roimh phaindéim COVID-19 agus sular thosaigh ionradh na Rúise ar an Úcráin).

Table 4 léirítear an treocht in astaíochtaí CTA ó shuiteálacha cumhachta agus tionscail ó 2019 i leith. Pléitear astaíochtaí eitlíochta i gCaibidil 9.

---

[49] COM(2024) 404 final – Tuarascáil ar Staid an Aontais Fuinnimh (de bhun Rialachán (AE) 2018/1999 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide), 11.9.2024.

[50] Tagairt don ghlantáirgeadh leictreachais in AE27 agus san Iorua, arna thuairisciú ag Eurostat.

[51] E.Graham and N.Fulghum (2024), Wind and solar overtake EU fossil fuels in the first half of 2024, 30.7.2024, EMBER

*Tábla 4. Astaíochtaí fíoraithe ó shuiteálacha in CTA AE (2019-2023) [milliún tona $CO_2$eq]. Sonraí a baineadh as Clárlann an Aontais an 30 Meitheamh 2024.*

| **Bliain** | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Astaíochtaí fíoraithe – suiteálacha** | 1 530 | 1 356<br>(1 253 RA gan áireamh) | 1 337 | 1 313 | 1 096 |
| **Athrú bliain ar bhliain** | - 9.1 % | - 11.4 % | - 1.4 %<br>(6.6 % RA gan áireamh) | - 1.8 % | - 16.5 % |
| **Astaíochtaí fíoraithe - giniúint leictreachais agus teasa** | 822 | 696<br>(653 RA gan áireamh) | 708 | 725 | 552 |
| **Athrú bliain ar bhliain** | - 14.7 % | - 15.3 % | 1.6 %<br>(8.5 % RA gan áireamh) | 2.4 % | - 23.9 % |
| **Astaíochtaí fíoraithe - táirgeadh tionsclaíoch** | 708 | 660<br>(601 RA gan áireamh) | 629 | 589 | 544 |
| **Athrú bliain ar bhliain** | - 1.6 % | - 6.9 % | - 4.7 %<br>(4.7 % RA gan áireamh) | - 6.4 % | - 7.5 % |


I bhFíor 5 agus i bhFíor 6, léirítear treochtaí in astaíochtaí ó dhóchán breosla iontaise i suiteálacha a chumhdaítear le CTA AE – mar sciar d'astaíochtaí iomlána na suiteálacha agus de réir an chineáil breosla, faoi seach[52]. Ní thagann na hastaíochtaí uile faoi CTA ó dhóchán breoslaí iontaise, tagann roinnt astaíochtaí go díreach ó phróisis thionsclaíocha. Léirítear i bhFíor 5 sciar na n-astaíochtaí ó dhóchán breosla iontaise in astaíochtaí iomlána na suiteálacha. I bhFíor 6, taispeántar miondealú ar astaíochtaí dócháin de réir an chineáil breosla.

Ar an iomlán, tá astaíochtaí ag dul i laghad mar gheall ar dhícharbónú na hearnála cumhachta (féach Caibidil 7) – úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh, gás nádúrtha á chur in ionad guail agus úsáid bhreise á baint as bithmhais[53]. Mar a léirítear i bhFíor 6, aisiompaíodh an treocht maidir le húsáid mhéadaithe an ghuail chrua a tugadh faoi deara in 2022 (atá nasctha leis an méadú ar phraghsanna gáis nádúrtha mar gheall ar ionradh na Rúise ar an Úcráin) den chuid is mó in


[52] Braitheann an anailís sin ar shonraí maidir le cur chun feidhme CTA AE arna dtuairisciú ag tíortha gach bliain faoi Airteagal 21 de Threoir CTA (spriocdháta an 30 Meitheamh). Faoin 25 Deireadh Fómhair 2024, an lá a tugadh an tuarascáil seo chun críche, ní raibh a tuarascáil le haghaidh 2023 curtha isteach fós ag an Iodáil. In éagmais na sonraí is déanaí le haghaidh na hIodáile, úsáidtear sa chaibidil seo na sonraí arna dtuairisciú ag an Iodáil le haghaidh 2022 mar ionadú chun gur féidir comparáid ó bhliain go bliain a dhéanamh. I gcás gach tíre eile, úsáidtear sonraí 2023.

[53] Aastaíochtaí nialas-rátaithe ó bhithmhais is ea 20.5 % den ardú a tháinig ar astaíochtaí suiteála CTA in 2023.

2023. Idir an dá linn, bhain an tAontas laghdú 18 % amach ar an éileamh ar ghás nádúrtha idir mí Lúnasa 2022 agus mí na Bealtaine 2024[54].




*Fíor 5. Treocht sna hastaíochtaí iomlána ó dhóchán breosla iontaise i suiteálacha a chumhdaítear le CTA AE (2013-2023). Léirítear ar lipéid sciar % d'astaíochtaí iomlána na suiteálacha.*





*Fíor 6. Treocht maidir le sciar na n-astaíochtaí ó dhóchán breoslaí éagsúla i suiteálacha a chumhdaítear le CTA AE (2013-2023). Léirítear ar lipéid sciar % d'astaíochtaí dócháin iomlána na suiteálacha. Ní thaispeántar lipéid sa chás nach sáraíonn astaíochtaí ó dhóchán breosla ar leith sciar 3 % riamh. Tagraíonn breoslaí iontaise eile* do bhreoslaí nach bhfuil liostaithe cheana féin san eochair eolais. Tá astaíochtaí ó dhóchán bithmhaise nialas-rátaithe faoi CTA AE, agus dá bhrí sin taispeántar iad sa bhreis ar astaíochtaí dócháin iomlána na suiteálacha.*

[54] Tuarascáil 2024 ar Staid an Aontais Fuinnimh – féach fonóta 49.

## 8. Ioncam ó CTA AE

Le díol lamháltas i gceantanna CTA AE, cruinnítear ioncam substaintiúil do na Ballstáit chun tacú leis an ngníomhú ar son na haeráide agus leis an aistriú fuinnimh. In 2023, ba é an t-ioncam ceantála iomlán EUR 43.6 billiún. As sin, chuaigh EUR 33 bhilliún go díreach chuig na Ballstáit agus chuaigh EUR 0.3 billiún go dtí an Íoslainn, Lichtinstéin, an Iorua agus Tuaisceart Éireann. Le EUR 7.4 billiún soláthraíodh don Chiste don Nuálaíocht le haghaidh CTA agus don Chiste don Nuachóiriú le haghaidh CTA, agus leis an EUR 2.8 billiún a bhí fágtha soláthraíodh don RRF, a bhíonn in úsáid ag na Ballstáit chun an t-aistriú chuig fuinneamh glan a chur chun cinn agus borradh a chur faoin tslándáil fuinnimh – trí na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí a áirítear ina bpleananna athléimneachta agus téarnaimh a chur chun feidhme. Léiríonn Fíor 7 dáileadh ioncam ceantála 2023. Áirítear sonraí ioncaim mionsonraithe in aghaidh na tíre agus in aghaidh an chiste i Roinn III den doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis seo.




*Fíor 7. Dáileadh ioncam ceantála CTA 2023 idir na buiséid náisiúnta, na Cistí Nuálaíochta agus Nuachóirithe agus an tSaoráid Athléimneachta agus Téarnaimh*

Le hathbhreithniú 2023 ar Threoir CTA, d'athraigh na rialacha maidir le húsáid ioncaim ceantála. Faoi Airteagal 10(3) de Threoir CTA, ó mhí an Mheithimh 2023 tá sé d'oibleagáid ar na Ballstáit 100 % den ioncam a bhailítear (nó luach airgeadais coibhéiseach) a úsáid chun tacú le gníomhú ar son na haeráide agus le haistriú fuinnimh, cé is moite d'aon ioncam a chaitheann na Ballstáit ar chabhair le haghaidh tionscail dianfhuinnimh le haghaidh costais indíreacha carbóin (féach Caibidil 8.1). Liostaítear na cuspóirí sonracha in Airteagal 10(3) agus áirítear orthu dícharbónú tionsclaíoch, aistriú fuinnimh, teicneolaíochtaí na teicneolaíochta glaine, oiriúnú don athrú aeráide, dícharbónú na hearnála iompair agus gníomhaíochtaí le haghaidh

aistriú cóir. Déanfaidh an Coimisiún dlúthfhaireachán ar chomhlíonadh na hoibleagáide nua sin chun a áirithiú gur chun na gcríoch sin a chaithfear ioncam uile CTA go fírinneach.

Cumhdaítear leis an oibleagáid an t-ioncam ó lamháltais bhreise a chur ar ceant i ngeall ar mhuiriompar a áireamh in CTA AE, i gcás ina spreagtar na Ballstáit chun a rannchuidiú le cosaint, athbhunú agus bainistiú níos fearr na n-éiceachóras muiríbhunaithe, go háirithe limistéir mhuirí faoi chosaint, a mhéadú. Chomh maith leis sin, na Ballstáit a fhaigheann méideanna níos airde lamháltas breise mar gheall ar a gcóimheas ard cuideachtaí loingseoireachta i gcomparáid leis an daonra, ba cheart dóibh an sciar comhfhreagrach a úsáid chun críoch muirí.

Tuairiscíonn na Ballstáit don Choimisiún gach bliain faoin Rialachán Rialachais (Rialachán 2018/1999)[55] maidir leis an gcaoi a n-úsáideann siad a n-ioncam CTA. Bunaítear na tuarascálacha sin ar theimpléid agus tá siad ar fáil go poiblí[56]. Tugadh na teimpléid cothrom le dáta i mí na Bealtaine 2024 chun an oibleagáid nua a léiriú agus chun tuilleadh faisnéise a bhailiú maidir le húsáid ioncaim[57]. Ní mór an tuairisciú a bheith mionsonraithe go leor chun comhlíonadh na sprice caiteachais a mheas. Mura ndéanfar amhlaidh, féadfaidh an Coimisiún a chur de chúram ar Bhallstát an fhaisnéis a chur isteach arís agus aon bhearnaí a líonadh.

Cé nach mór d’ioncam ábhartha uile CTA dul chuig infheistíochtaí a bhaineann leis an aeráid agus le fuinneamh, ní gá an buiséad sin a chaitheamh ina iomláine sa bhliain chéanna ina ngintear an t-ioncam. As ioncam 2023 a bhí le húsáid chun críocha Airteagal 10(3), eisíocadh 72 % cheana féin in 2023 agus gealladh 3 % eile do ghníomhaíochtaí sonracha. Tabharfar tuairisc i dtuarascálacha amach anseo ar an gcaoi ar bhain na Ballstáit úsáid as an gcuid eile.

As an EUR 33 bhilliún in ioncam CTA a bhailigh na Ballstáit in 2023, tá EUR 30.9 billiún faoi réir na hoibleagáide faoi Airteagal 10(3)[58]. Tuairiscíodh EUR 2.1 billiún d’ioncam 2023 mar mhaoiniú do thionscail atá dian ar leictreachas le haghaidh costais indíreacha charbóin. Ón EUR 30.9 billiún, thuairiscigh na Ballstáit[59] go raibh EUR 22.2 billiún eisíoctha acu cheana féin agus gheall siad EUR 0.8 billiún breise chun críocha Airteagal 10(3). Fágann sé sin go bhfuil thart ar EUR 7.9 billiún fós le leithdháileadh, le heisíoc agus le tuairisciú.

---

[55] Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide (IO L 328, 21.12.2018)

[56] Úsáid ioncam ceantála CTA – Bliain tuairiscithe 2024 – GovReg, Reportnet3, an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil

[57] Arna ghlacadh: Teimpléid nua le haghaidh thuairisciú aeráide na mBallstát, An Ard-Stiúrthóireacht um Ghníomhú ar son na hAeráide,7.5.2024

[58] Moladh do na Ballstáit 50 % ar a laghad den ioncam a bailíodh suas go dtí an 4 Meitheamh 2023 a úsáid chun tacú le hinfheistíochtaí dícharbónaithe agus claochlaithe fuinnimh. Maidir leis an ioncam a bhailítear ón 5 Meitheamh 2023 ar aghaidh, tá feidhm ag an oibleagáid 100 % (nó luach airgeadais coibhéiseach) a úsáid chun tacú le dícharbónú agus aistriú fuinnimh in earnálacha CTA.

[59] Tuairiscíonn roinnt tíortha a chomhchistíonn gníomhaíochtaí lena n-ioncam CTA luach iomlán na gníomhaíochta comhchistithe; dá bhrí sin, tá suim a ngníomhaíochtaí níos airde ná a n-ioncam. Coigeartaíodh na luachanna sa chaibidil seo ina leith sin, e.g., dá mba ionann suim na ngníomhaíochtaí agus dhá oiread an ioncaim a gineadh, glacadh leis gur íocadh leath gach gníomhaíochta agus cúiteamh costais carbóin indírigh ón ioncam ceantála.

Áirítear le Table 5 roinnt an ioncaim CTA, EUR 33 bhilliún, a bhailigh na Ballstáit in 2023. Thuairiscigh na Ballstáit freisin gur leithdháileadh EUR 1.0 billiún d'ioncam a gineadh i mblianta roimhe sin (EUR 0.6 billiún a eisíocadh agus EUR 0.4 billiún a gealladh) in 2023 chun críocha Airteagal 10(3).


*Tábla 5. Roinnt an ioncaim CTA dar luach EUR 33 bhilliún a bhailigh na Ballstáit in 2023*

| | **Ioncam (EUR billiún)** |
|---|---|
| Ioncam a tuairiscíodh mar ioncam a úsáideadh chun cabhair le haghaidh costais charbóin a mhaoiniú | 2.1 |
| Ioncam atá faoi réir oibleagáid Airteagal 10(3) agus a eisíocadh in 2023 | 22.2 |
| Ioncam a bhailigh na Ballstáit in 2023, faoi réir oibleagáid Airteagal 10(3) agus a gealladh | 0.8 |
| Ioncam a bhailigh na Ballstáit in 2023, atá fós le leithdháileadh, le heisíoc agus a tuairiscíodh | 7.9 |

Mar a léirítear i bhFíor 8, maidir leis an ioncam EUR 22.2 billiún a tuairiscíodh mar ioncam a eisíocadh in 2023 chun críocha Airteagal 10(3), úsáideadh EUR 9.7 billiún le haghaidh tionscadail sa chatagóir 'Soláthar, eangacha agus stóráil fuinnimh', EUR 2.3 billiún le haghaidh 'Éifeachtúlacht fuinnimh, téamh agus fuarú i bhfoirgnimh' agus EUR 5.1 billiún le haghaidh 'Iompar poiblí agus soghluaisteacht'. As na 323 ghníomhaíocht a tuairiscíodh sna trí chatagóir sin, áirítear, mar shampla, córas fótavoltach a shuiteáil sa Rómáin, deontais le haghaidh feabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh do theaghlaigh ísealioncaim sa Fhrainc agus leathnú na líonraí meitreo i Liospóin agus Porto sa Phortaingéil.

Ina theannta sin, thuairiscigh na Ballstáit gur leithdháil siad EUR 0.7 billiún ar thionscadail sa chatagóir 'Dícharbónú tionscail (teicneolaíochtaí ísealcharbóin, GÚSC agus éifeachtúlacht fuinnimh san earnáil thionsclaíoch cé is moite den earnáil fuinnimh)', lena n-áirítear tacaíocht airgeadais agus theicniúil do ghnólachtaí i réigiún na Vallúine sa Bheilg agus iad ag aistriú i dtreo geilleagar glan-nialasach. Thuairiscigh na Ballstáit freisin gur leithdháil siad EUR 2.7 billiún ar 'thacaíocht shóisialta agus aistriú cóir', lena n-áirítear Ciste Aistrithe Fuinnimh na Gréige (lena gcumhdaítear, i measc fóirdheontais fuinnimh eile do theaghlaigh ísealioncaim, tacaíocht ghnó i limistéir aistrithe, cláir athscilithe agus tionscadail bonneagair ghlais).

I gcás EUR 1.4 billiún in eisíocaíochtaí 2023, thuairiscigh na Ballstáit an chatagóir 'Eile', lena n-áirítear gníomhaíochtaí nach n-oireann d'aon chatagóir eile nó a oireann d'ilchatagóirí. I measc na samplaí tá ciste Leap Aeráide na Sualainne a thacaíonn le tionscadail éagsúla laghdaithe astaíochtaí, bithgháis, bithéagsúlachta agus taighde.




*Fíor 8. Roinnt an EUR 22.2 billiún d'ioncam ceantála CTA 2023 a thuairiscítear mar ioncam a eisíocadh, in aghaidh na catagóire. I measc na gcatagóirí comhcheangailte faoi EUR 500 milliún tá (in EUR milliún) iompar de bhóthar (309), oiriúnú (155), críocha idirnáisiúnta agus maoiniú idirnáisiúnta don aeráid (110), LULUCF, aistrithe talmhaíochta agus aistrithe talamhbhunaithe (59), costais riaracháin (54), bainistiú dramhaíola (29), muiriompar (17), eitlíocht (13) agus aistrithe buana (3).*

Chuir ioncam ceantála CTA AE go mór leis na catagóirí sin agus le go leor tionscadail eile a rinne difear do na Ballstáit. Ní hamháin gur chuidigh na tionscadail sin le hastaíochtaí a laghdú, ach chinntigh siad freisin go bhfuil an t-aistriú glas cóir. Léiríonn cás-staidéir maidir le 13 thionscadal a (có-)mhaoiníodh ó ioncaim cheantála dea-éifeachtaí na n-ioncam ar an aistriú aeráide san Aontas[60]. Rud atá tábhachtach, ní mór do na Ballstáit iarracht a dhéanamh chun a áirithiú gur léir foinse an chistithe le haghaidh na ngníomhaíochtaí nó na dtionscadal a chistítear ó ioncam CTA chun rannchuidiú CTA AE le dícharbónú forchéimnitheach agus leis an aistriú cóir a léiriú. Bhí sé sin in easnamh i gcás fhormhór na ngníomhaíochtaí a tuairiscíodh do 2023 agus tá an Coimisiún ag féachaint le hobair leantach a dhéanamh.

Tá forléargas ar an gcaoi ar úsáid gach Ballstát a ioncam CTA san áireamh sa doiciméad inmheánach oibre a ghabhann le tuarascáil 2024 ar dhul chun cinn maidir le gníomhú ar son na haeráide[61].

### 8.1. Cabhair le haghaidh costais indíreacha

Féadann Ballstáit Státchabhair a dheonú mar chúiteamh ar roinnt tionscail dianfhuinnimh faoi CTA AE le haghaidh na costais charbóin ag eascairt as astaíochtaí indíreacha, go sonrach ó phraghsanna méadaithe leictreachais de bharr gineadóirí cumhachta lena gcuirtear costas ceannaithe na lamháltas ar aghaidh chuig tomhaltóirí gnó. Le cur chun feidhme na cabhrach

[60] Aeráid agus Fuinneamh san Aontas, Úsáid ioncam ceantála CTA, Dea-chleachtais, an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil 11.10.2024

[61] COM(2024) 498 - 2024 Tuarascáil ar dhul chun cinn maidir le gníomhú ar son na haeráide agus an doiciméad inmheánach oibre a ghabhann léi (le foilsiú)

sin a chomhchuibhiú idir Ballstáit agus le saobhadh iomaíochta ar an margadh inmheánach a íoslaghdú, ghlac an Coimisiún treoirlínte CTA AE maidir le Státchabhair sa mhargadh aonair[62].

In 2023, d'íoc 15 Bhallstát as costais indíreacha a tabhaíodh in 2022, tar éis dóibh fógra faoina scéimeanna a thabhairt don Choimisiún lena measúnú le haghaidh státchabhrach agus tar éis dóibh aitheantas a fháil maidir lena gcomhoiriúnacht leis an margadh aonair. Thug an Ostair, an Ghréig agus an tSlóivéin scéimeanna nua isteach, agus chuir an Ísiltír a scéim ar sos[63]. Faoi na scéimeanna a chuireann na Ballstáit chun feidhme, ba cheart do thairbhithe cuid den chabhair a athinfheistiú i dtionscadail lena n-ísleofaí a lorg carbóin díreach nó indíreach agus lena n-ísleofaí dá réir sin a neamhchosaint ar an riosca sceite carbóin.

Laistigh de 3 mhí ó dheireadh gach bliana, ceanglaítear ar Bhallstáit ag a bhfuil scéim cúitimh ar chostais indíreacha i bhfeidhm an cúiteamh iomlán a íocadh a fhoilsiú, lena n-áirítear miondealú in aghaidh earnáil agus fho-earnáil na bhfaighteoirí. Tugtar achoimre i Table 6 ar na sonraí a fhoilsíonn na Ballstáit i leith na cabhrach a íocadh in 2023 (as costais indíreacha a tabhaíodh in 2022). Cuirtear na méideanna sin i gcomparáid le hioncam ceantála ó 2022 freisin.

Thart ar EUR 3.95 billiún a bhí sna híocaíochtaí iomlána le haghaidh costais indíreacha a d'íoc na 15 Bhallstát sin in 2023. Is mó é sin ná an EUR 2.16 billiún a eisíocadh in 2022, ar méadú thart ar 80 % é ar íocaíochtaí costais indíreacha. Tháinig méadú beag (de 56) ar líon na suiteálacha a fuair cabhair de réir mar a bhí scéimeanna le haghaidh costais indíreacha á gcur chun feidhme ag níos mó Ballstát.

Bunaítear an chabhair le haghaidh costais charbóin indíreacha i mbliain ar leith ar réamhphraghas na lamháltas sa bhliain roimhe sin. Dá bhrí sin, is ar an meán-réamhphraghas in 2021 a bhunaítear an chabhair a eisíocadh in 2023 le haghaidh na gcostas a tabhaíodh in 2022. Ba é EUR 54.1 an praghas sin, ar mó é ná dhá oiread an EUR 25.09 a úsáideadh le haghaidh costais indíreacha a tabhaíodh in 2021. Tá méadú tagtha ar an réamhphraghas sin ó shin, go dtí os cionn EUR 80 in 2022 agus 2023, is é sin, gur ar phraghas carbóin níos airde a bhunófar cabhair le haghaidh costais indíreacha a thabhaítear in 2023 agus 2024. Go hiondúil, bíonn buiséad uasta ag scéimeanna cúitimh indíreacha a ríomhtar le haghaidh na tréimhse iomláine ar lena linn a bhíonn siad i bhfeidhm (ar tréimhse í a chumhdaíonn 2021-2030 i gcás fhormhór na mBallstát).

Tháinig méadú ar íocaíochtaí na gcostas indíreach i dtéarmaí coibhneasta freisin. Bhí iomlán na n-íocaíochtaí le haghaidh costais indíreacha a tabhaíodh in 2022 coibhéiseach le 16 % d'ioncam ceantála 2022 arna bhailiú ag na 15 Bhallstát, i gcomparáid le híocaíochtaí a shroich 10 % den ioncam a bhailigh 13 Bhallstát

[62] *Guidelines on certain State aid measures in the context of the system for greenhouse gas emission allowance trading post-2021* [Treoirlínte i ndáil le bearta áirithe Státchabhrach i gcomhthéacs an chórais maidir le trádáil ar lamháltais i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa tar éis 2021], (IO C 317, 25.9.2020).

[63] Ina theannta sin, ghlac an Phortaingéil scéim costais indírigh ag deireadh 2022.

in 2021 agus cabhair á dámhachtain acu don bhliain chéanna sin. Den chuid is mó, bhí an laghdú ar dhearbhmhéid na lamháltas a cuireadh ar ceant in 2022 taobh thiar de, chomh maith leis an méadú ar an réamhphraghas a luaitear thuas.

*Tábla 6. Méideanna cabhrach arna n-íoc in 2023 ó ioncam ceantála CTA le haghaidh costais indíreacha arna dtabhú in 2022*

| An Ballstát | Cúiteamh a íocadh ar chostais indíreacha a tabhaíodh in 2022 [milliún EUR] | An líon rannpháirtithe (suiteálacha) | Ioncam ceantála in 2022[64] [milliún EUR] | Méid coibhneasta na cabhrach le haghaidh costais indíreacha i gcomparáid le hioncam ceantála |
|---|---|---|---|---|
| an Ostair | 184.8 | 76 | 375.4 | 49.2 % |
| an Bheilg | 186.2 | 59 | 649.2 | 28.7 % |
| An tSeicia | 50.3 | 21 | 670.6 | 7.5 % |
| an Fhionlainn | 117.7 | 49 | 504.7 | 23.3 % |
| an Fhrainc | 604.2 | 280 | 1834.7 | 32.9 % |
| an Ghearmáin | 1 643.7 | 668 | 6 772.4 | 24.3 % |
| An Ghréig[65] | 171.5 | 53 | 1 314.0 | 13.1 % |
| an Iodáil | 150.6 | 251 | 3 166.1 | 4.8 % |
| Lucsamburg | 25.0 | 4 | 4.8 | 517.0 % |
| an Pholainn | 372.7 | 95 | 4 966.4 | 7.5 % |
| An Phortaingéil[66] | 25.0 | 22 | 661.6 | 3.8 % |
| an Rómáin | 145.0 | 30 | 482.4 | 30.1 % |
| an tSlóvaic | 20.9 | 9 | 342.4 | 6.1 % |
| an tSlóivéin | 26.0 | 17 | 170.5 | 15.3 % |
| an Spáinn | 228.8 | 185 | 3 186.8 | 7.2 % |

Na Ballstáit a chaitheann níos mó ná 25 % dá n-ioncam ceantála ar chostais indíreacha in aon bhliain ar bith, ceanglaítear orthu tuarascáil a fhoilsiú ina mínítear an fáth gur sháraigh siad an tairseach sin. In 2023, d'fhan formhór na mBallstát cuid mhaith faoi bhun na tairsí sin. Dá ainneoin sin, chaith cúig Bhallstát níos mó ná 25 % dá n-ioncam ceantála ar íocaíochtaí na

[64] Cé is moite d'ioncaim ó lamháltais eitlíochta a chur ar ceant.

[65] I gcás na Gréige, rinneadh íocaíochtaí EUR 86.1 milliún in 2023 le haghaidh costais indíreacha a tabhaíodh in 2021, sa bhreis ar an gcabhair a léirítear sa tábla.

[66] I gcás na Portaingéile, eisíocadh EUR 24.6 milliún de chabhair le 26 shuiteáil in 2022 le haghaidh costais indíreacha a tabhaíodh in 2022, i dteannta na cabhrach a léirítear sa tábla.

gcostas indíreach: An Ostair, an Bheilg, an Fhrainc, Lucsamburg agus an Rómáin. Tugtar achoimre thíos ar na húdair a chuir na Ballstáit sin ar fáil.

Thuairiscigh an Ostair gur glacadh scéim shealadach in 2022 agus gur ceadaíodh cúiteamh os cionn 25 % mar gheall ar phraghsanna arda leictreachais agus ionradh na Rúise ar an Úcráin. Sa Bheilg agus sa Fhrainc, cuireadh an cion ard d'ioncam ceantála a íocadh síos do sciar ard giniúna leictreachais ísealcharbóin na tíre, rud a d'fhág go raibh ioncam ceantála réasúnta íseal ann i gcomparáid lena sciar de thionscail leictridhiana. Thuairiscigh an Rómáin gur sáraíodh an tairseach 25 % go páirteach mar gheall ar an méadú ar an bpraghas carbóin a úsáideadh chun íocaíochtaí a ríomh.

Ba mhó go mór caiteachas Lucsamburg ná a ioncam ceantála iomlán. Cé gur tháinig méadú ar íocaíochtaí na tíre in 2023, cuireadh an méadú ar an sciar ioncaim síos do laghdú ar mhéid ceantála na tíre mar gheall ar an úsáid a bhaintear as lamháltais CTA chun astaíochtaí a fhritháireamh sna hearnálacha a chumhdaítear leis an Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill. Tugtar 'Solúbthacht maidir leis an Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill'[67] ar an gcleachtas sin. Ar an iomlán, fuair Lucsamburg 35 % níos lú ioncaim in 2022 ná in 2021. Luaigh Lucsamburg agus an Rómáin araon freisin gur rannchuidigh aistriú na lamháltas isteach i gCúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh le laghdú ar mhéid na lamháltas a cuireadh ar ceant.

### 8.2. An Ciste don Nuálaíocht le haghaidh CTA

Tá an Ciste don Nuálaíocht ar cheann de na cláir chistiúcháin is mó ar domhan chun réitigh agus teicneolaíochtaí nuálacha ísealcharbóin agus saor ó charbón a chur i bhfeidhm i réimse an fhuinnimh, na tionsclaíochta agus na soghluaisteachta glan-nialasachta, arna gcistiú go hiomlán ag CTA AE. Soláthraíonn an Ciste deontais le haghaidh tionscadail a bhfuil sé d'aidhm acu teicneolaíochtaí nuálacha ísealcharbóin a thráchtálú agus réitigh thionsclaíocha a chur ar an margadh chun an Eoraip a dhícharbónú agus chun tacú leis an aistriú chuig an aeráidneodracht. Agus
buiséad measta EUR 40 billiún ar fáil dó (bunaithe ar phraghas carbóin EUR 75/t$CO_2$), tá ocht nglao ar thograí seolta ag an gCiste don Nuálaíocht ó 2020 i leith, lena n-áirítear glao amháin le haghaidh ceantanna faoin mBanc Eorpach Hidrigine.

Tugann an Coimisiún tuairisciú níos mionsonraithe ar leithligh ar chur chun feidhme an Chiste don Nuálaíocht. An dara Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn maidir le cur chun feidhme an Chiste don Nuálaíocht, tá coinne leis in R4-2023[68].

[67] Leis an Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill, cruthaítear solúbthacht aonuaire trínar féidir leis na Ballstáit suas le 100 milliún lamháltas CTA a chur ar ceal go comhchoiteann in 2021-2030, ionas gur féidir leo a spriocanna faoi seach maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoin Rialachán seo a chomhlíonadh. Tá an tsolúbthacht ann do na Ballstáit a bhfuil spriocanna acu atá go mór os cionn mheán an Aontais agus os cionn a n-acmhainneachta laghduithe costéifeachtacha a dhéanamh, agus do na Ballstáit nár leithdháil aon lamháltais CTA AE saor in aisce ar shuiteálacha tionsclaíocha in 2013 (naoi dtír san iomlán: An Ostair, an Bheilg, an Danmhairg, an Fhionlainn, Éire, Lucsamburg, Málta, an Ísiltír agus an tSualainn. Déantar cealú ó mhéid ceantála an Bhallstáit lena mbaineann faoi Airteagal 10 de Threoir CTA. Thug na Ballstáit incháilithe fógra faoi úsáid 21 641 364 lamháltas faoin tsolúbthacht maidir leis an Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill in 2021-2023.

[68] Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le cur chun feidhme an Chiste don Nuálaíocht (COM/2022/416 final)

Tar éis babhta glaonna 2022 a reáchtáil, shínigh 39 dtionscadal mórscála agus 15 thionscadal mhionscála comhaontuithe deontais. Beidh breis agus EUR 3.5 billiún ann le haghaidh cistiú na nuálaíochta, lena n-áirítear i dtionscail dianfhuinnimh, sa táirgeadh hidrigine, i nginiúint fuinnimh in-athnuaite agus monarú comhpháirteanna le haghaidh stóráil fuinnimh agus foinsí in-athnuaite fuinnimh, agus cuideofar leis an dícharbónú a chur chun cinn i 17 dtír[69]. Cisteofar an nuálaíocht mhionscála le thart faoi EUR 55 milliún i roinnt earnálacha ina bhfuil sé deacair astaíochtaí a mhaolú, lena n-áirítear bithbhreoslaí, gloine agus ceirmeachta, stroighne, stórála fuinnimh agus foinsí in-athnuaite fuinnimh[70].

Agus tacaíocht dáfa ar thionscadail sa Danmhairg, sa Ghréig, san Ungáir agus sa Laitvia, tá tuilleadh feabhais tagtha ar chothromaíocht earnála agus gheografach an Chiste don Nuálaíocht. Faoi mhí an Mheithimh 2024, áiríodh 127 dtionscadal i bpunann iomlán an Chiste don Nuálaíocht, tionscadail atá á gcur chun feidhme nó atá i mbun comhaontú deontais a ullmhú, le ranníocaíocht EUR 7.35 billiún ó CTA AE[71]. Nuair a bheidh siad curtha i gcrích, meastar leis na tionscadail sin, go laghdófar astaíochtaí ar coibhéis thart faoi 457 Mt $CO_2$eq a bheadh iontu le linn na chéad 10 mbliana d’oibriú na dtionscadal.

Tá an dreasacht arna soláthar ag praghas carbóin CTA AE le haghaidh na dtionscadal sin i bhfad níos mó ná méid an chistiúcháin arna fhoinsiú ag CTA AE. Mar shampla, is thart ar EUR 34 bhilliún an tairbhe don chostas carbóin a seachnaíodh do chásanna gnó cuideachtaí ó na tionscadail a fuair tacaíocht ón gCiste don Nuálaíocht go dtí seo (costais charbóin a seachnaíodh mar gheall ar astaíochtaí níos ísle ar mheánphraghas carbóin EUR 75/t$CO_2$). Is é sin a léiríonn loighic CTA AE, inarb é an praghas carbóin an phríomhdhreasacht fhadtéarmach, agus an dreasacht sin á forlíonadh ag an gCiste don Nuálaíocht chun dlús a chur le hathruithe[72].

I gcomhthráth leis sin, roghnaíodh 27 dtionscadal nár éirigh leo ón tríú babhta glaonna (idir thionscadail mhórscála agus mhionscála) chun cúnamh forbartha tionscadail a fháil faoin gCiste don Nuálaíocht. Ó thús an chláir, dámhadh cúnamh forbartha tionscadail ar 70 thionscadal, rud a fhágann go mbeidh cuid mhaith iarratas de dhea-cháilíocht ar na bacáin amach anseo. Is é EUR 24 milliún atá sa tacaíocht sin, agus is é an Banc Eorpach Infheistíochta (BEI) a chuireann ar fáil í.

Dúnadh Glao 2023 an Chiste don Nuálaíocht ar theicneolaíochtaí glan-nialasachta (Glao CIF23 NZT) an 9 Aibreán 2024, tar éis 337 n-iarratas a fháil. Áiríodh ann topaicí tiomnaithe le haghaidh monaraíocht teicneolaíochta glaine agus treoirthionscadail, chomh maith le trí thopaic ghinearálta dícharbónaithe, a eagraíodh ina dtionscadail bheaga, mheánmhéide agus mhórscála. Léirigh Glao IF23 NZT cheana féin

[69] Rannchuideoidh na tionscadail le dícharbónú 16 Bhallstát (an Bheilg, an Chróit, an Danmhairg, Éire, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Iodáil, an Ísiltír, an Laitvia, an Ostair, an Phortaingéil, an tSeicia, an Spáinn, an tSualainn agus an Ungáir), agus le dícharbónú na hIorua.

[70] [16 dheontas ó Chiste an Aontais don Nuálaíocht dáfa ar thionscadal ar fud na hEorpa](), An Ard-Stiúrthóireacht um Ghníomhú ar son na hAeráide, 6.6.2023

[71] [Punann nuashonraithe na dtionscadal arna síniú faoin gCiste don Nuálaíocht]()

[72] Aithris 20 de Threoir 2009/29/CE, a athdhearbhaíodh in aithris 14 de Threoir (AE) 2018/410.

an leathnú ar thrádáil astaíochtaí, í á cur i bhfeidhm ar fhoirgnimh, ar iompar de bhóthar agus go háirithe ar an earnáil mhuirí, agus forálacha sonracha i gceist chun dlús a chur lena dícharbónú, lena n-áirítear i ndáil le táirgeadh agus glacadh breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin.

Tá coinne le torthaí Ghlao IF23 NZT in R4-2024, agus tá coinne le comhaontuithe deontais a shíniú ag tús 2025. Cuirfear thart ar EUR 4 bhilliún ar fáil chun teicneolaíochtaí nuálacha ísealcharbóin agus glan-nialasacha a chistiú. Den chéad uair riamh, gheobhaidh tionscadail a chomhlíonann
na híostairseacha le haghaidh na gcritéar dámhachtana uile an Séala STEP (Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip), a tugadh isteach le Rialachán STEP (Rialachán 2024/795)[73].
Is é an Séala lipéad cáilíochta an Aontais a bhronntar ar thionscadail ardcháilíochta a rannchuidíonn le cuspóirí STEP. I gcás na dtionscadal a bheidh i gceist, éascófar an rochtain ar chistiú ó na Ballstáit.

Le hathbhreithniú 2023 ar Threoir CTA, tugadh isteach tairiscint iomaíoch (‘ceantanna’) faoin gCiste don Nuálaíocht, agus bhí an chéad cheant píolótach chun breosla in-athnuaite hidrigine de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a tháirgeadh (RFNBO $H_2$) ar siúl ón 23 Samhain 2023 go dtí an 8 Feabhra 2024 (Ceant IF23). Mheall Ceant IF23 132 tairiscint ó 17 dtír ar fud na hEorpa, agus iarradh
15 oiread an bhuiséid a bhí ar fáil, léiriú ar ró-shuibscríobh suntasach. Foilsíodh torthaí na meastóireachta ag deireadh mhí Aibreáin 2024.

Roghnaíodh seacht dtairiscint i gCeant IF23 chun comhaontú deontais a ullmhú leo, le haghaidh EUR 720 milliún san iomlán i ranníocaíochtaí ón Aontas[74]. Chuir na tionscadail a roghnaíodh tairiscintí isteach a bhí idir EUR 0.37 agus EUR 0.48 in aghaidh an chileagraim táirgthe de RFNBO $H_2$. Bunaithe ar dhearadh íoc-mar-tairgthe an cheant phíolótaigh, gheobhaidh na tionscadail sin deontais idir EUR 8 milliún agus EUR 245 mhilliún ón gCiste don Nuálaíocht. Tá coinne leis na comhaontuithe deontais a shíniú i mí Dheireadh Fómhair 2024.

Leis an gcéad cheant píolótach sin, rinne an Ciste don Nuálaíocht tástáil freisin ar an ngné ‘Ceant mar Sheirbhís’, rud a chuir ar a gcumas do thíortha LEE leas a bhaint as ceant an Chiste don Nuálaíocht chun cistí náisiúnta breise a leithdháileadh ar thionscadail náisiúnta nár oir do bhuiséad ceantála an Chiste don Nuálaíocht. Chuir an Ghearmáin rannchuidiú EUR 350 milliún le hionú cistiúcháin náisiúnta sa cheant píolótach. Ar an gcaoi chéanna, tá an Ard-Stiúrthóireacht um Ghníomhú ar son na hAeráide ag obair go dlúth le hArd-Stiúrthóireacht na hIomaíochta chun gné chomhchosúil a chur ar bun le haghaidh glaonna rialta ar thograí, ar a dtugtar ‘Deontais mar Sheirbhís’. Cuireann an dá ghné sin ar chumas thíortha LEE nósanna imeachta meastóireachta seanbhunaithe an Chiste don Nuálaíocht a ghiaráil agus ualaí

[73] Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP), (IO L, 2024/795, 29.2.2024)

[74] Trí thionscadal ón Spáinn, dhá thionscadal ón bPortaingéil agus tionscadal amháin ón bhFionlainn agus ón Iorua.

riaracháin nach bhfuil gá leo a sheachaint maidir le scéimeanna tacaíochta nua a fhorbairt agus a reáchtáil le haghaidh na dteicneolaíochtaí céanna.

### 8.3. Ciste don Nuachóiriú CTA

Is clár dlúthpháirtíochta é an Ciste don Nuachóiriú, a chistítear ó CTA AE. Tacaíonn sé le 10 mBallstát[75] íseal-ioncaim agus ó 2024, le 13 Bhallstát[76] íseal-ioncaim chun spriocanna aeráide agus fuinnimh 2030 a chomhlíonadh trí chuidiú leo tionscadail a leathadh amach lena ndéantar córais fuinnimh a nuachóiriú agus feabhas a chur ar an éifeachtúlacht fuinnimh. Tagann buiséad an Chiste ó sciar de chaidhp CTA AE (a chomhfhreagraíonn do 438 milliún lamháltas) a chur ar ceant, arna leithdháileadh i measc na mBallstát is tairbhithe de réir eochair sheasta[77]. Ina theannta sin, d'aistrigh sé Bhallstát is tairbhithe 320 milliún lamháltas ó chéim 3 de CTA AE (2013-2020) chuig an gCiste don Nuachóiriú. Fágann sé sin go bhfuil níos mó ná 750 milliún lamháltas i gceist, nó EUR 56 bhilliún idir 2021 agus 2030 ag glacadh le meánphraghas EUR 75/t$CO_2$ ar charbón.

Cé go roghnaíonn na Ballstáit na hinfheistíochtaí ar mian leo tacú leo, ceanglaítear orthu an chuid is mó dá n-acmhainní faoin gCiste a úsáid le haghaidh infheistíochtaí tosaíochta. Áirítear orthu sin leictreachas in-athnuaite a ghiniúint agus a úsáid, téamh agus fuarú, éifeachtúlacht fuinnimh, stóráil agus nuachóiriú líonraí fuinnimh, tacaíocht do theaghlaigh ísealioncaim chun aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht fuinnimh agus gníomhaíochtaí le haghaidh aistriú cóir i réigiúin a bhraitheann ar bhreosla iontaise. Athbhreithníonn BEI na tograí infheistíochta. Déanann an Coimisiún cinneadh eisíocaíochta a luaithe a dheimhníonn BEI infheistíocht mar thosaíocht nó a luaithe a mholann sé go ndéanfadh Coiste Infheistíochta an Chiste í a mhaoiniú mar infheistíocht nach tosaíocht í. Eisítear cinntí maidir le heisíocaíochtaí in dhá thimthriall gach bliain, lena gcumhdaítear infheistíochtaí sna Ballstáit uile is tairbhithe.

Ó mhí Eanáir 2021 i leith, deimhníodh 176 scéim agus tionscadal aonair le haghaidh méid iomlán EUR 12.7 billiún, méid a eisíocadh leis na Ballstáit is tairbhithe. Baineann na tionscnaimh sin den chuid is mó le leictreachas in-athnuaite, éifeachtúlacht fuinnimh, stóráil fuinnimh agus nuachóiriú líonraí fuinnimh. Le Table 7 cuirtear i láthair na méideanna arna n-eisíoc le haghaidh gach Ballstáit.

[75] Na chéad Bhallstáit is tairbhithe, ba iad an Bhulgáir, an Chróit, an Eastóin, an Laitvia, an Liotuáin, an Pholainn, an Rómáin, an tSeicia, an tSlóvaic agus an Ungáir.

[76] Cuireadh an Ghréig, an Phortaingéil agus an tSlóivéin leis na 10 mBallstát bhunaidh in athbhreithniú 2023 ar an Treoir maidir le Trádáil Astaíochtaí.

[77] Iarscríbhinn IIb a ghabhann leis an Treoir Eorpach maidir le Córas Trádáil Astaíochtaí – Eochair leithdháilte an Chiste don Nuachóiriú.

I mí an Mheithimh 2024, ghlac an Coimisiún an seachtú cinneadh maidir le heisíocaíocht[78] faoin gCiste don Nuachóiriú, an dara ciste is mó ó 2021 i leith. Ar an mbonn sin, rinne BEI íocaíochtaí ar luach EUR 2.9 billiún san iomlán le 10 mBallstát[79] is tairbhithe chun 39 togra infheistíochta a mhaoiniú. Áirítear ar na tionscadail tacaíocht do theaghlaigh chun córais fhótavoltacha nua a fháil agus a shuiteáil sa tSeicia agus scéimeanna tacaíochta conradh difríochta chun leictreachas a tháirgeadh ó fhoinsí in-athnuaite sa Rómáin.

Cuireadh deireadh le glacadh na n-aighneachtaí le haghaidh babhta eile tograí faoin gCiste don Nuachóiriú an 13 Lúnasa 2024 i gcás tionscadail nach tosaíocht iad agus an 10 Meán Fómhair 2024 i gcás tionscadal tosaíochta.

Leis an athbhreithniú ar an Treoir Eorpach maidir le Córas Trádáil Astaíochtaí, déantar athruithe tábhachtacha ar mhéid agus rialachas an Chiste don Nuachóiriú. Cuireadh 110 milliún lamháltas leis an gCiste. Tá an breisiú sin comhroinnte idir 13 Bhallstát is tairbhí – na 10 dtairbhí bunaidh móide an Ghréig, an Phortaingéil agus an tSlóivéin. Leithdháileadh sciar níos airde acmhainní faoin gCiste ar liosta na n-infheistíochtaí tosaíochta, a leathnaíodh chun téamh in-athnuaite agus aistriú cóir i réigiúin atá spleách ar charbón a chur san áireamh. Tá infheistíochtaí a bhaineann le gás faoi réir roinnt srianta. Ó 2025 ar aghaidh, ní mór d'infheistíochtaí na ceanglais 'gan dochar suntasach a dhéanamh' faoin Rialachán maidir le Tacsanomaíocht a chomhlíonadh freisin. I bhfianaise an athbhreithnithe, leasaíodh an Rialachán maidir leis an gCiste don Nuachóiriú (Rialachán 2020/1001)[80]. Tháinig sé i bhfeidhm an 1 Eanáir 2024.

[78] C(2024) 4190 final - Cinneadh ón gCoimisiún an 12.06.2024 maidir le heisíocaíocht ioncam ón gCiste don Nuachóiriú faoi Threoir 2003/87/CE - An chéad timthriall eisíocaíochta débhliantúil in 2024

[79] Leis an gcúigiú cinneadh maidir le heisíocaíocht faoin gCiste don Nuachóiriú údaraíodh íocaíochtaí leis an Rómáin (EUR 1.1 billiún), leis an tSeicia (EUR 835 mhilliún), leis an bPolainn (EUR 698 milliún), leis an Ungáir (EUR 77 milliún), leis an mBulgáir (EUR 65 mhilliún), leis an Liotuáin (EUR 59 milliún), leis an gCróit (EUR 52 mhilliún), leis an tSlóvaic (EUR 35 mhilliún), leis an Laitvia (EUR 27 milliún) agus leis an Eastóin (EUR 24 mhilliún).

[80] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1001 ón gCoimisiún an 9 Iúil 2020 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hoibriú an Chiste don Nuachóiriú lena dtacaítear le hinfheistíochtaí chun na córais fuinnimh a nuachóiriú agus chun éifeachtúlacht fuinnimh Ballstát áirithe a fheabhsú (IO L 221, 10.7.2020).

*Tábla 7. Eisíocaíochtaí iomlána ón gCiste don Nuachóiriú (ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 30 Meitheamh 2024)*

| **Ballstát is Tairbhí** | **Méideanna eisíoctha (EUR milliún)** |
|---|---:|
| an Bhulgáir | 262 |
| An tSeicia | 4 343 |
| an Eastóin | 178 |
| an Chróit | 262 |
| an Ungáir | 185 |
| an Liotuáin | 183 |
| an Laitvia | 32 |
| an Pholainn | 1 908 |
| an Rómáin | 4 679 |
| an tSlóvaic | 615 |
| **Iomlán** | **12 647** |

## 8.4. Ciste Dícharbónaithe CTA don Ghréig

Le hAirteagal 10a(9) den Treoir maidir le Trádáil Astaíochtaí, tugtar an ceart don Ghréig, faoi choinníollacha áirithe, suas le 25 mhilliún lamháltas a éileamh chun soláthar leictreachais a cuid oileán a dhícharbónú[81]. Tá an Ghréig, an Coimisiún Eorpach agus BEI ag obair chun an fhoráil sin a oibríochtú. Beidh BEI freagrach as measúnú a dhéanamh ar inmharthanacht airgeadais agus ar shochair shocheacnamaíocha thogra tionscadail na Gréige chun soláthar leictreachais a cuid oileán a dhícharbónú. Má chomhlíontar na coinníollacha uile, lena n-áirítear deimhniú BEI ar thogra tionscadail na Gréige a cuireadh isteach faoi Airteagal 10a(9), chuirfí na lamháltais ar ceant agus chuirfí na hioncaim ar fáil le haghaidh cómhaoiniú suas le 60 % de chomhpháirteanna tionscadail formheasta. I dtéarmaí nithiúla, ba cheart go dtacódh an maoiniú le tionscadail soláthair fuinnimh in-athnuaite ar na hoileáin agus go gcabhródh sé chun oileáin a nascadh le heangach leictreachais na mórthíre.

[81] Cuireadh 25 mhilliún lamháltas i leataobh le haghaidh úsáid fhéideartha faoi Airteagal 10a(9) de Threoir CTA (Teachtaireacht ón gCoimisiún Líon iomlán na lamháltas a bhí i gcúrsaíocht in 2021 a fhoilsiú chun críocha Chúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais arna bhunú le Treoir 2003/87/CE agus líon na lamháltas neamh-leithdháilte le linn na tréimhse 2013-2020 2022/C 195/02, C/2022/2780 (IO C 195, 13.5.2022).

## 9. Eitlíocht

Is le CTA AE atá astaíochtaí ón earnáil eitlíochta á rialáil ó bhí 2012 ann. Ó thaobh an dlí de, cumhdaíonn an córas gach eitilt a imíonn chuig LEE agus gach eitilt a thagann chuige. In 2013, áfach, theorannaigh an tAontas oibleagáidí CTA d'earnáil na heitlíochta d'eitiltí laistigh den LEE, chun tacú le beart domhanda margadhbhunaithe a fhorbairt chun astaíochtaí eitlíochta na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) a laghdú[82]. Cuireadh síneadh le teorannú chumhdach Threoir CTA trí huaire ó shin agus cuirtear i dtábhacht in athbhreithniú 2023 ar Threoir CTA gur cheart gurb é sin an maolú deireanach faoi cheangal ama ar CTA AE[83].

Idir 2013 agus 2023, bhain CTA AE laghdú iomlán 206 Mt amach ar ghlanastaíochtaí CO2 eitlíochta trí laghduithe ar astaíochtaí in earnálacha eile a chistiú. In 2012-2020, d'úsáid oibreoirí eitlíochta beagnach 19 milliún creidmheas idirnáisiúnta ar mhaithe le comhlíontacht in CTA AE.

Ón 1 Eanáir 2020, cumhdaíonn CTA AE astaíochtaí ó eitiltí amach chun na hEilvéise, agus tá feidhm ag CTA na hEilvéise maidir le heitiltí a imíonn chuig aerfoirt LEE. Áirithítear leis sin dreasacht dícharbónaithe agus cothrom iomaíochta a bhaint amach sa dá threo ag an am céanna. Ón 1 Eanáir 2021, tá feidhm fós ag CTA AE freisin maidir le heitiltí amach chuig an Ríocht Aontaithe, agus beidh feidhm ag CTA na Ríochta Aontaithe maidir le heitiltí ag imeacht chuig aerfoirt in LEE. Coinnítear cumhdach na praghsála carbóin ar astaíochtaí eitlíochta leis sin, d'ainneoin imeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach.

Ón 1 Eanáir 2024, cumhdaítear le CTA AE astaíochtaí ó fhormhór na n-eitiltí[84] chuig na naoi réigiún is forimeallaí san Aontas agus uathu chomh maith le hastaíochtaí ó eitiltí a imíonn ó na réigiúin is forimeallaí chuig an Eilvéis agus chuig an Ríocht Aontaithe. Agus iad uile in éineacht le chéile, fágfaidh sé sin go ndéanfar leathnú thart faoi 7 % ar chumhdach phraghsáil carbóin CTA. Chuir an Eilvéis astaíochtaí san áireamh freisin ó eitiltí a imíonn chuig na réigiúin is forimeallaí ina CTA ó 2024 i leith[85].

I gcomhthreo, chun dul chun cinn a éascú ag an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta, cuireadh síneadh le raon feidhme teoranta CTA AE laistigh den Aontas Eorpach le haghaidh na heitlíochta go dtí deireadh 2026 toisc gur cheart an Scéim Fritháirithe agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta (CORSIA) a bheith

---

82 Cinneadh Uimh. 377/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2013 lena maolaítear go sealadach ar Threoir 2003/87/CE lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal (IO L 113, 25.4.2013)

83 Aithris 30 de Threoir 958/2024/AE lena ndéantar athbhreithniú ar an Treoir maidir le Trádáil Astaíochtaí

84 Cuirtear maolú sealadach ó CTA AE ar fáil go dtí 2030 le haghaidh astaíochtaí ó eitiltí idir aeradróm i gceann de na réigiúin is forimeallaí i mBallstát amháin agus aeradróm sa Bhallstát céanna.

85 Leithdháileadh breise saor in aisce le haghaidh eitiltí chuig na réigiúin is forimeallaí, Córas trádála astaíochtaí le haghaidh oibreoirí aerárthaigh, an Oifig Chónaidhme um an gComhshaol, 31.8.2024

á cur i bhfeidhm ag gach tríú tír mhór ó 2027 ar aghaidh. Tá 129 stát rannpháirteach i gcéim dheonach CORSIA a mhairfidh ó 2024 go 2026.

In 2023, eisíodh thart faoi 26 milliún lamháltas eitlíochta i gcomhréir le raon feidhme CTA AE is infheidhme. Bhí 22.5 milliún lamháltas sa leithdháileadh saor in aisce. Fuair oibreoirí aerárthaigh arna riar ag riarthóirí náisiúnta in LEE beagán níos lú ná 0.5 milliún lamháltas eitlíochta Eilvéiseach saor in aisce faoi CTA na hEilvéise. Cuireadh tuairim is 5.7 milliún lamháltas eitlíochta ar ceant in 2023.

Lean astaíochtaí ó oibreoirí aerárthaigh de bheith ag méadú in 2023 i gcomparáid le 2022. In 2023, ba é 54.1 Mt $CO_2$eq na hastaíochtaí (lena n-áirítear 0.9 Mt d'oibreoirí arna riar ag an Eilvéis), suas ó 49.5 Mt in 2022. Tá astaíochtaí eitlíochta CTA AE gar do leibhéil 2019 (arna gcoigeartú le haghaidh imeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas), rud a dheimhníonn go bhfillfear ar na leibhéil astaíochtaí a bhí ann roimh phaindéim COVID-19[86]. Table 8 leagtar amach astaíochtaí fíoraithe ó oibreoirí aerárthaigh, in éineacht leis na méideanna lamháltas arna leithdháileadh saor in aisce agus a cuireadh ar ceant san earnáil eitlíochta ó bhí 2019 ann. Ó bhí 2021 ann, áfach, ní chumhdaítear eitiltí a thagann isteach ón Ríocht Aontaithe le CTA AE a thuilleadh.

Mar chuid den phacáiste 'Oiriúnach do 55', glacadh dhá athchóiriú a bhain le CTA AE le haghaidh na heitlíochta in 2023 – chun laghduithe astaíochtaí san earnáil a chur chun cinn[87] agus chun CORSIA a chur chun feidhme i ndlí an Aontais le haghaidh eitiltí lasmuigh den Eoraip de chuid aerlínte atá bunaithe san Aontas[88]. Tá a gcur chun feidhme faoi lán seoil.

Chun CORSIA a chur chun feidhme i ndlí an Aontais, ghlac an Coimisiún i mí Feabhra 2024 liosta de na stáit a meastar go bhfuil CORSIA á chur i bhfeidhm acu maidir le hastaíochtaí in 2023[89]. Déantar an liosta seo a nuashonrú gach bliain. I mí Iúil 2024, d'fhoilsigh an Coimisiún na rialacha maidir le ceanglais fritháirithe faoi CORSIA a ríomh[90]. Úsáidfidh na húdaráis inniúla sna Ballstáit na rialacha sin le haghaidh astaíochtaí go dtí deireadh 2026.

Mar chéim shuntasach chun trédhearcacht a fheabhsú, d'fhoilsigh an Coimisiún i mí an Mhárta 2024 sonraí comhiomlánaithe bliantúla maidir le hastaíochtaí ó ghníomhaíochtaí eitlíochta in

[86] European Aviation Overview [Forbhreathnú ar an Eitlíocht Eorpach] 24-30 Mí na Bealtaine, Eurocontrol, 1.6.2023.

[87] Treoir (AE) 2023/958 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE a mhéid a bhaineann le rannchuidiú na heitlíochta le sprioc an Aontais astaíochtaí a laghdú ar fud an gheilleagair agus le cur chun feidhme iomchuí birt dhomhanda mhargadhbhunaithe (IO L 130, 16.5.2023).

[88] Cinneadh (AE) 2023/136 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Eanáir 2023 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE a mhéid a bhaineann leis an bhfógra maidir le fritháireamh i leith beart domhanda margadhbhunaithe d'oibreoirí aerárthaigh atá bunaithe san Aontas (IO L 19, 20.1.2023).

[89] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/622 ón gCoimisiún an 22 Feabhra 2024 maidir leis an liosta de na Stáit a meastar go bhfuil CORSIA á chur i bhfeidhm acu chun críocha Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hastaíochtaí in 2023 (IO L, 2024/622, 23.2.2024)

[90] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1879 ón gCoimisiún an 9 Iúil 2024 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ceanglais fritháirimh a ríomh chun críche CORSIA (IO L, 2024/1879, 10.7.2024)

2022[91]. Tháinig an foilseachán sin sna sála ar ráiteas ón gCoimisiún[92] a eisíodh le linn an phróisis reachtaigh le haghaidh athbhreithniú 2023 ar Threoir AE maidir le Trádáil Astaíochtaí. Tá gealltanas tugtha ag an gCoimisiún níos mó sonraí maidir le hastaíochtaí eitlíochta idirnáisiúnta a fhoilsiú, ach sonraí atá íogair ó thaobh na tráchtála de a chosaint freisin.

*Tábla 8. Eitlíocht in CTA AE (2019-2023) – astaíochtaí fíoraithe [milliún tona $CO_2$eq], leithdháileadh saor in aisce agus lamháltais arna gcur ar ceant [milliún lamháltas]*

| **Bliain** | 2019 | 2020 | 2021 [59] | 2022 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Astaíochtaí fíoraithe - eitlíocht** | 68.2 | 25.2 | 27.9 | 49.5 | 54.1 |
| **Athrú bliain ar bhliain[93]** | + 1 % | - 63 % | + 30 % | + 77 % | + 9.5 % |
| **Leithdháileadh saor in aisce (AE27 + an Íoslainn, Lichtinstéin, agus an Iorua + an Ríocht Aontaithe + an Eilvéis)[94]** | 31.3[95] | 32.5 | 24.0 | 23.1 | 22.5 |
| **Leithdháileadh saor in aisce ón gcúlchiste speisialta le haghaidh iontrálaithe nua agus oibreoirí atá ag fás go tapa** | 1.0 | 0.8 | 0.3 | 0.25 | 0.23 |
| **Méideanna lamháltas a cuireadh ar ceant** | 5.5 | 9.2 | 3.8 | 3.7 | 5.7 |

Le hathbhreithniú 2023 ar an Treoir Eorpach maidir le Córas Trádáil Astaíochtaí, déantar cur chun feidhme an phrionsabail gurb é 'údar an truaillithe a íocfaidh as' a chur ar aghaidh san earnáil eitlíochta. Cuirfear deireadh de réir a chéile le lamháltais saor in aisce i gcás oibreoirí

[91] Foilsiú shonraí astaíochtaí 2022 ón eitlíocht, An Ard-Stiúrthóireacht um Ghníomhú ar son na hAeráide, 8.3.2024

[92] Ráiteas ón gCoimisiún, 20.4.2023

[93] Agus raon feidhme nuashonraithe na heitlíochta in CTA an Aontais á mheas (gan eitiltí a thagann isteach ón Ríocht Aontaithe). Ní áirítear sonraí ó oibreoirí aerárthaigh arna riar ag an Eilvéis ach in iontrálacha 2020-2023.

[94] Ní chuirtear san áireamh sna huimhreacha sin gach dúnadh oibreoirí aerárthaigh agus lamháltais saor in aisce ón gcúlchiste speisialta le haghaidh iontrálaithe nua agus oibreoirí atá ag fás go mear, ná tuairisceáin in 2012 de bharr an athraithe sa raon feidhme. Foinsí: EUTL, An Ard-Stiúrthóireacht um Ghníomhú ar son na hAeráide.

[95] Dá gcuirfí san áireamh na huimhreacha a coinníodh siar mar gheall ar dhúnadh na n-oibreoirí aerárthaigh, bheadh an fíor-leithdháileadh le haghaidh 2019 4 mhilliún faoi bhun an fhigiúir a tugadh (féach fonóta 8 i bhFógra C/2020/8643, IO C 428, 11.12.2020). Cuireadh an leithdháileadh le haghaidh na Ríochta Aontaithe (4.31 milliún lamháltas den iomlán le haghaidh 2019) ar fionraí in 2019 mar gheall ar na bearta coimirce a ghlac an Coimisiún chun sláine comhshaoil CTA AE a chosaint i gcásanna ina scoireann dlí an Aontais d'fheidhm a bheith aige maidir le Ballstát a tharraingíonn siar ón Aontas. Cuireadh tús leis an leithdháileadh an athuair in 2020.

aerárthaigh faoi dheireadh 2025. In 2024, leithdháiltear 25 % níos lú lamháltas saor in aisce ar oibreoirí aerárthaigh.

An tráth céanna, 20 milliún lamháltas (ar a bhfuil luach díola measta thart faoi EUR 1.5 billiún faoi láthair ag praghas carbóin EUR 75/t$CO_2$), tá siad curtha in áirithe chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt chun go nglacfar le breoslaí malartacha incháilithe. Méadaíonn an tacaíocht sin an dreasacht airgeadais a sholáthraíonn CTA AE maidir le breoslaí malartacha thar bhreoslaí iontaise, i gcás ina dtugtar dreasacht airgeadais os cionn EUR 200 in aghaidh an tona breosla le rátáil nialasach. Tá an dreasacht sin ar fáil le haghaidh breoslaí incháilithe a cuireadh ar bord ar bhealaí CTA ón 1 Eanáir 2024 i leith. Tá coinne leis go méadófar an dreasacht sin a thuilleadh leis an athbhreithniú atá ar siúl ar an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh.

Agus é á aithint nach féidir neamhaird a dhéanamh a thuilleadh ar éifeachtaí neamh-$CO_2$[96], tá creat tiomnaithe faireacháin, tuairiscithe agus fíoraithe tugtha isteach agus cuirfear tús leis an 1 Eanáir 2025. Leagadh amach na rialacha cur chun feidhme sa dara hathbhreithniú ar an Rialachán maidir le Faireachán agus Tuairisciú, a glacadh an 29 Lúnasa 2024[97].

## 10. Iompar muirí

Is astaíre mór $CO_2$ é an muiriompar, ar thart ar 3-4 % d'astaíochtaí iomlána $CO_2$ an Aontais é, i.e. os cionn 126 Mt in 2023, agus na hastaíochtaí uile ó thurais chuig calafoirt LEE agus uathu á gcur san áireamh. Le hathbhreithniú 2023 ar an Treoir maidir le Trádáil Astaíochtaí, leathnaíodh CTA AE chuig astaíochtaí ó ghníomhaíochtaí muiriompair, ón 1 Eanáir 2024 ar aghaidh. Áirítear astaíochtaí muiriompair i raon feidhme CTA AE le haghaidh 50 % de na hastaíochtaí i gcás muiraistir a thosaíonn nó a chríochnaíonn lasmuigh de LEE agus 100 % i gcás astaíochtaí a tharlaíonn idir dhá chalafort sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, agus nuair atá longa laistigh de chalafort LEE. Agus an raon feidhme sin á chur san áireamh, chumhdaigh CTA AE 85 Mt $CO_2$ ó mhuiriompar in 2023.

Leis an síneadh sin ar CTA AE, cuirtear leis na forálacha atá i bhfeidhm d'earnálacha eile a chumhdaítear leis chomh maith le Rialachán MRV Muirí (Rialachán 2015/757 maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí GCT ó mhuiriompar)[98]. In 2024 agus 2025 (an chéad 2 bhliain den chur chun feidhme), cumhdófar le CTA AE astaíochtaí $CO_2$ ó longa móra a thagann isteach i gcalafoirt LEE, gan beann ar an mbratach atá ar foluain acu.

[96] Is mó i bhfad tionchar foriomlán na heitlíochta domhanda ar an aeráid ná an chomhchuid $CO_2$ amháin. Meastar tionchar foriomlán na heitlíochta a bheith dhá go ceithre huaire níos mó ná tionchar na n-astaíochtaí $CO_2$ nuair a thugtar éifeachtaí neamh-$CO_2$ san áireamh. Is beart ábhartha é aghaidh a thabhairt ar na hastaíochtaí sin toisc go bhfuil an Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC) tar éis díriú ar an eitlíocht idirnáisiúnta (agus ar an loingeas idirnáisiúnta), ina Séú Tuarascáil Measúnaithe um maolú an athraithe aeráide, mar earnálacha ag a bhfuil spriocanna aeráide ar lú iad ná a mbeadh gá leis chun srian a chur leis an méadú domhanda ar theochtaí i gcomhréir le Comhaontú Pháras.

[97] Rialacha faireacháin nua comhaontaithe le haghaidh CTA AE, lena n-áirítear astaíochtaí neamh-$CO_2$ ó earnáil na heitlíochta, an Ard-Stiúrthóireacht um Ghníomhú ar son na hAeráide, 30.8.2024

[98] Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreáin 2015 maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ó mhuiriompar, agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE (IO L 123, 19.5.2015)

Déanfar é sin a leathnú chuig astaíochtaí $CH_4$ (meatán) agus $N_2O$ (ocsaíd nítriúil) ó 2026 ar aghaidh.

An oibleagáid ar an earnáil mhuirí lamháltais a thabhairt suas le haghaidh a n-astaíochtaí faoi CTA AE, déanfar í a thabhairt isteach de réir a chéile. Le linn tréimhse tosaigh céimnithe isteach, ní bheidh sé d'oibleagáid ar chuideachtaí loingseoireachta lamháltais a thabhairt suas ach le haghaidh cuid dá n-astaíochtaí, de réir na tréimhse ama seo a leanas:

- 2025: le haghaidh 40 % dá n-astaíochtaí arna dtuairisciú in 2024;
- 2026: le haghaidh 70 % dá n-astaíochtaí arna dtuairisciú in 2025;
- 2027 ar aghaidh: le haghaidh 100 % dá n-astaíochtaí arna dtuairisciú in 2026 agus sna blianta ina dhiaidh sin.

Chun sláine comhshaoil CTA AE a áirithiú, nuair a thabharfar suas níos lú lamháltas i gcomparáid leis na hastaíochtaí fíoraithe ó mhuiriompar in 2024 agus 2025, cealóidh na Ballstáit an líon lamháltas a chomhfhreagraíonn don difríocht sin.

Tugadh an t-athbhreithniú ar Rialachán MRV Muirí agus an reachtaíocht thánaisteach ábhartha chun críche in 2023. San iomlán, glacadh ocht ngníomh cur chun feidhme agus tarmligthe[99] chun
CTA AE le haghaidh iompar muirí a dhéanamh oibríochtúil ó 2024 ar aghaidh. Tá an Coimisiún, le tacaíocht ón nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí, ag cabhrú le geallsealbhóirí maidir leis an gcur chun feidhme trí thionscnaimh chumarsáide agus feasachta, lena n-áirítear treoirdhoiciméid[100].

Tá cuimsiú astaíochtaí ón muiriompar in CTA AE mar chuid de straitéis fhoriomlán an Aontais chun an earnáil a dhícharbónú. Amhail reachtaíocht uile an phacáiste 'Oiriúnach do 55' a bhaineann le cúrsaí muirí[101], dreasófar éifeachtúlacht fuinnimh agus réitigh ísealcharbóin léi, agus cuideofar leis an difríocht phraghais idir breoslaí malartacha ísealcharbóin agus breoslaí muirí iontaise traidisiúnta a laghdú. Cuirfidh longa a thagann faoi raon feidhme CTA AE sonraí astaíochtaí don chéad tréimhse tuairiscithe (2024) isteach faoin 31 Márta 2025 agus tabharfaidh siad suas líon comhfhreagrach na lamháltas astaíochtaí faoin 30 Meán Fómhair 2025. Díreach mar atá i gcás earnálacha CTA AE eile, is iad na húdaráis inniúla sna Ballstáit a bheidh freagrach go príomha as an gcóras a chur chun feidhme. Is é a bheidh i gceist leis sin gníomhaíochtaí cigireachta agus forfheidhmithe chomh maith le formheas na

[99] Áirítear orthu sin Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2297, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2449, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2599, Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2776, Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2849, Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2895, Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2917, Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/411.

[100] Féach suíomh gréasáin an Choimisiúin Astaíochtaí ó earnáil na loingseoireachta a laghdú chun tuilleadh eolais a fháil.

[101] I dteannta CTA AE a leathnú chuig muiriompar, áirítear ar na bearta sin tionscnamh chun borradh a chur faoin éileamh ar bhreoslaí malartacha inbhuanaithe (an tionscnamh FuelEU Maritime lena leasaítear Treoir 2009/16/CE), agus athbhreithniú ar na treoracha atá ann cheana maidir le cánachas fuinnimh (Treoir 2003/96/CE), bonneagair breoslaí malartacha (Treoir 2014/94/AE), agus fuinneamh in-athnuaite (Treoir (AE) 2018/2001).

bpleananna faireacháin, arna gcur isteach ag longa, a luaithe a dhéanfaidh fíoraitheoirí creidiúnaithe measúnú orthu.

Áirítear i dTreoir AE maidir le Trádáil Astaíochtaí clásal tuairiscithe agus athbhreithnithe chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme CTA AE don mhuiriompar, go háirithe chun aon iompraíocht imghabhála a bhrath agus aghaidh a thabhairt uirthi ag céim luath, agus chun measúnú a dhéanamh ar fhorbairtí ábhartha san Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta, i gcás ina bhfuil an tAontas ag tacú le sásra domhanda praghsála astaíochtaí GCT a fhorbairt don loingseoireacht mar aon le caighdeán breosla lena rialaítear laghdú céimnithe déine astaíochtaí gás ceaptha teasa an bhreosla mhuirí. Ina theannta sin, in 2026 déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar CTA AE maidir le muiriompar agus féachfaidh sé an bhféadfaí a raon feidhme a leathnú chuig longa atá faoi bhun olltonnáiste 5 000 tona ach nach bhfuil faoi bhun olltonnáiste 400 tona.

## 11. Creat cur chun feidhme CTA AE

CTA AE a fheidhmíonn go rianúil agus atá inchreidte ó thaobh an chomhshaoil de, tá sé ag brath ar chreat láidir de cheanglais faireacháin, tuairiscithe, fíoraithe agus chreidiúnaithe. Comhchuibhítear na ceanglais sin sa Rialachán maidir le Faireachán agus Tuairisciú agus sa Rialachán maidir le Creidiúnú agus Fíorú (Rialachán 2018/2067)[102]. Ceanglaítear ar thíortha tuairisc a thabhairt gach bliain ar chur chun feidhme na Rialachán sin agus na Treorach maidir le Trádáil Astaíochtaí.

Braitheann an chaibidil seo ar na sonraí maidir le cur chun feidhme CTA AE arna dtuairisciú ag tíortha gach bliain faoi Airteagal 21 den Treoir maidir le Trádáil Astaíochtaí (spriocdháta an 30 Meitheamh). Faoin 25 Deireadh Fómhair 2024, an lá a tugadh an tuarascáil seo chun críche, ní raibh a tuarascáil le haghaidh 2023 curtha isteach fós ag an Iodáil. In éagmais na sonraí is déanaí le haghaidh na hIodáile, úsáidtear sa chaibidil seo na sonraí arna dtuairisciú ag an Iodáil le haghaidh 2022 mar ionadú chun gur féidir comparáid ó bhliain go bliain a dhéanamh. I gcás gach tíre eile, is sonraí 2023 a úsáidtear.

### 11.1. Faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí

Is ar chur chuige na mbloc tógála a bhraitheann an córas monatóireachta ar astaíochtaí in CTA AE. Tugann sé leibhéal ard solúbthachta d’oibreoirí, lena n-áirithítear dá bhrí sin an chostéifeachtúlacht agus iontaofacht na sonraí astaíochtaí araon. Féadann oibreoirí roinnt cur chuige faireacháin a úsáid (‘bunaithe ar ríomh’ nó ‘bunaithe ar thomhas’ agus an ‘cur chuige cúltaca’ trí eisceacht), lena n-áirítear meascán de mhodhanna le haghaidh codanna aonair de shuiteáil. I gcás oibreoirí aerárthaigh, ní cheadaítear ach amháin cuir chuige atá bunaithe ar ríomh amháin, agus an t-ídiú breosla mar an paraiméadar lárnach eitilte.

[102] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2067 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2018 maidir le fíorú sonraí agus creidiúnú fíoraitheoirí de bhun Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, (IO L 334, 31.12.2018). Leasaíodh an rialachán in 2020 le Rialachán (AE) 2020/2084 ón gCoimisiún agus in 2024 le Rialachán (AE) 2024/1321. Féach an téacs comhdhlúite.

Leis an Rialachán maidir le Faireachán agus Tuairisciú cuirtear de cheangal ar shuiteálacha agus ar oibreoirí aerárthaigh araon plean faireacháin a bheith acu atá formheasta ag an údarás náisiúnta inniúil. Cuirtear cosc orthu leis sin roghnú treallach a dhéanamh ar mhodheolaíochtaí faireacháin agus ar athruithe ama. In 2023 (amhail in 2022) bhí cead fós á thabhairt ag 5 thír[103] do shuiteálacha pleananna faireacháin simplithe a úsáid i gcásanna ísealriosca[104]. Maidir leis an eitlíocht, níl an fhoráil sin in úsáid a thuilleadh d'oibreoirí a mbíonn astaíochtaí ísle acu in aon tír.

Chomhlíon formhór na suiteálacha na ceanglais dhlíthiúla maidir le faireachán a dhéanamh ar astaíochtaí go hiomlán. D'úsáid an chuid is mó an mhodheolaíocht ríomh-bhunaithe[105] chun a n-astaíochtaí a ríomh. Níor thuairiscigh ach 151 shuiteáil (1.8 %) in 22 thír gur úsáid siad córais chun astaíochtaí a thomhas go leanúnach, 7 suiteáil is mó ná in 2022. Astu siúd, bhí CEMS in úsáid ag 94 shuiteáil chun astaíochtaí $CO_2$ a thomhas, ag 43 shuiteáil chun $N_2O$ a thomhas agus ag 14 shuiteáil chun an dá ghás a thomhas. Is sa Ghearmáin agus sa tSeicia is minice a úsáidtear CEMS. I 39 suiteáil, bhí $CO_2$ bithghineach le fáil sna hastaíochtaí tomhaiste freisin. Amach as na suiteálacha a úsáideann córas chun astaíochtaí a thomhas go leanúnach, d'úsáid 72 díobh an mhodheolaíocht le haghaidh níos mó ná 95 % dá n-astaíochtaí, d'úsáid na 79 suiteáil eile meascán de chóras chun astaíochtaí a thomhas go leanúnach agus de mhodheolaíocht ríomh-bhunaithe.

Níor thuairiscigh ach 10 dtír gur úsáid siad an cur chuige cúltaca. Baineadh úsáid as an gcur chuige sin le haghaidh 23 shuiteáil lena gcumhdaítear thart ar 2.6 Mt $CO_2$eq (4 shuiteáil níos lú ná in 2022 ach comhchosúil i dtéarmaí astaíochtaí). Tá suiteáil amháin san Ísiltír freagrach as 56 % de na hastaíochtaí foriomlána a tuairiscíodh agus an mhodheolaíocht chúltaca in úsáid aici mar gheall ar a chasta atá a leagan amach.

Chomhlíon formhór na suiteálacha na híoscheanglais leibhéil[106] le haghaidh leibhéil an Rialacháin maidir le Faireachán agus Tuairisciú in 2023. Tuairiscíodh nach raibh ach 98 suiteáil chatagóir C (aníos ó 96 in 2022) tar éis imeacht, i gcás paraiméadar amháin ar a laghad, ar diall ón gceanglas na leibhéil is airde a chur i bhfeidhm i gcás mórfhloscanna bunaidh. Bhí siad suite in 17 dtír dhifriúla (mar an gcéanna le 2022) agus ba iad 15.9 % de shuiteálacha chatagóir C iad. Ní údaraítear na diallais sin ach amháin nuair a léiríonn an t-oibreoir nach indéanta an leibhéal is airde a chomhlíonadh go teicniúil nó nuair a thabhaíonn sé costais

[103]Ba iad na Ballstáit sin an Danmhairg, an Fhionlainn, an Ungáir, an Liotuáin, agus an Ísiltír. Ní thuairiscíonn an Chróit a thuilleadh go mbaintear úsáid as an tuairisciú simplithe sa tír.

[104] Airteagal 13 den Rialachán maidir le Faireachán agus Tuairisciú

[105] Is é an príomhfháth leis sin go mbaineann acmhainní agus saineolas nach beag leis an modheolaíocht tomhas-bhunaithe, rud atá in easnamh ar roinnt mhaith oibreoirí níos lú.

[106] Leis an Rialachán maidir le Faireachán agus Tuairisciú, cuirtear de cheangal ar na hoibreoirí uile leibhéil íosta áirithe a chomhlíonadh. Ceanglaítear ar shuiteálacha a astaíonn níos mó ná 50 kt $CO_2$ an leibhéal is airde a chomhlíonadh i gcás mórfhloscanna bunaidh (is é sin, sonraí ar cháilíocht níos iontaofa, cé nach bhfuil ceanglais chomh dian céanna i bhfeidhm, ar chúiseanna costéifeachtúlachta, maidir le floscanna níos lú.

neamhréasúnta. Nuair nach mbeidh feidhm ag na coinníollacha sin a thuilleadh, ní mór don oibreoir feabhas a chur ar an gcóras faireacháin dá réir.

Leasaíodh an Rialachán maidir le Faireachán agus Tuairisciú den chéad uair i mí Dheireadh Fómhair 2023 chun athbhreithniú 2023 ar Threoir CTA a chur chun feidhme[107]. Bhain príomhleasuithe leis na rialacha faireacháin agus tuairiscithe le haghaidh CTA2 nua (féach Caibidil 2). Ina theannta sin, léirítear sna rialacha nuashonraithe an oibleagáid atá ar shuiteálacha chun dramhaíl chathrach a loscadh faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar a n-astaíochtaí faoi CTA AE amhail ó 2024. Tá feidhm ag na leasuithe a bhaineann le suiteálacha agus eitlíocht ón 1 Eanáir 2024, agus tháinig na rialacha le haghaidh CTA2 i bhfeidhm i mí Iúil 2024.

Glacadh an dara hathbhreithniú ar an Rialachán maidir le Faireachán agus Tuairisciú an 29 Lúnasa 2024.[108] Tugtar isteach leis ceanglais faireacháin agus tuairiscithe maidir le héifeachtaí eitlíochta neamh-$CO_2$ in aghaidh na heitilte agus maidir leis an tslí chun astaíochtaí ráta nialasaigh a bhaint amach ó dhóchán breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch (RFNBOnna), breoslaí carbóin athchúrsáilte (RCFanna) agus breoslaí sintéiseacha ísealcharbóin faoi CTA. Chun rátáil nialasach astaíochtaí a bhaint amach is príomhchoinníoll é a léiriú go bhfuil na critéir inbhuanaitheachta agus na critéir maidir le laghdú ar astaíochtaí á gcomhlíonadh. Leis an Rialachán athbhreithnithe, cuirtear feabhas freisin ar na rialacha atá ann cheana, lena n-áirítear na rialacha maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar an aistriú $CO_2$ trí mhodhanna seachas píblínte agus maidir le $CO_2$ a mheastar a bheith ceangailte go ceimiceach go buan i dtáirge.

Rinneadh leasuithe freisin chun rialáil a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir bunachar sonraí uile-Aontais a bunaíodh le déanaí do bhithbhreoslaí[109] a úsáid chun comhlíonadh na gcritéar inbhuanaitheachta agus na gcritéar maidir le laghdú ar astaíochtaí a léiriú. Tugadh isteach ceanglais mhionsonraithe bhreise faireacháin agus tuairiscithe chun úsáid breoslaí eitlíochta malartacha, comhchuibhiú tairseacha astaírí beaga agus láimhseáil bithmhaise/RFNBOnna/RCF san eitlíocht a chumhdach. Leis an dara hathbhreithniú ar an Rialachán maidir le Faireachán agus Tuairisciú, cuirtear cur chun feidhme CTA2 chun cinn freisin, lena dtugtar aghaidh ar leasuithe ón gcéad athbhreithniú atá fós gan réiteach, chun tuilleadh comhchuibhithe a chur chun cinn, chun an t-ualach riaracháin ar oibreoirí agus ar údaráis náisiúnta a laghdú agus chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht fhoriomlán an chórais.

[107] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2122 ón gCoimisiún an 17 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066 a mhéid a bhaineann le faireachán agus tuairisciú astaíochtaí gás ceaptha teasa a thabhairt cothrom le dáta de bhun Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2023/2122, 18.10.2023).

[108] Rialachán Cur Chun Feidhme 2018/2066 - féach fonóta 7.

[109] Féach Bunachar Sonraí an Aontais maidir le Bithbhreoslaí chun tuilleadh faisnéise a fháil.

Rinneadh athbhreithniú ar Rialachán MRV Muirí in 2023[110] chun ullmhú do shíneadh CTA AE chuig muiriompar, go háirithe chun astaíochtaí neamh-$CO_2$ agus rialacha mionsonraithe chun astaíochtaí cuideachtaí a thagann faoi raon feidhme CTA AE a chinneadh a chur san áireamh.

### 11.2. Fíorú agus Creidiúnú

Ní mór d'fhíoraitheoirí tuarascálacha astaíochtaí faoi CTA AE a bheith creidiúnaithe ag comhlacht náisiúnta creidiúnaithe i gcomhréir leis an Rialachán maidir le Creidiúnú agus Fíorú agus le ISO 14065 (caighdeán idirnáisiúnta ISO). Is féidir le fíoraitheoirí creidiúnaithe feidhmiú le haitheantas frithpháirteach ar fud thíortha uile CTA AE, agus leas iomlán a bhaint as an margadh aonair. Áirithítear leis sin freisin go mbeidh seirbhísí go leor ar fáil ar fud an Aontais. Gheofar forléargas mionsonraithe ar ghnéithe creidiúnaithe agus fíoraithe in 2023 i dTábla F i Roinn IV den doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis seo.

In 2023, bhí 105 fhíoraitheoir creidiúnaithe ann le haghaidh suiteálacha do-aistrithe agus bhí 20 acu ann le haghaidh oibreoirí aerárthaigh. Ina theannta sin, thuairiscigh 28 dtír go raibh fíoraitheoir eachtrach amháin ar a laghad gníomhach ar a gcríoch in 2023, agus thuairiscigh sé thír nach raibh ach fíoraitheoirí eachtracha acu. Léirítear leis sin go leanann aitheantas frithpháirteach ar fhíoraitheoirí i measc tíortha ar aghaidh ag feidhmiú go rathúil.

Suíodh go bhfuil leibhéal ard comhlíontachta i measc na bhfíoraitheoirí leis an Rialachán maidir le Creidiúnú agus Tuairisciú. Le haghaidh 2023, níor tuairiscíodh gur cuireadh aon fhíoraitheoir ar fionraí ná gur tarraingíodh siar creidiúnú fíoraitheora. Idir 2 chás, laghdaíodh raon feidhme creidiúnaithe na bhfíoraitheoirí (san Fhionlainn agus sa Pholainn). I gcomparáid leis sin, tuairiscíodh 3 fhionraíocht, 1 tarraingt siar creidiúnaithe agus 1 laghdú raoin feidhme le haghaidh 2022.

I gcomhthráth leis an athbhreithniú ar an Rialachán maidir le Faireachán agus Tuairisciú, rinneadh athbhreithniú ar an Rialachán maidir le Creidiúnú agus Fíorú. Glacadh an t-athbhreithniú an 13 Bealtaine 2024, roimh an spriocdháta chun tuarascálacha sonraí bonnlíne fíoraithe a chur isteach faoin 30 Bealtaine 2024. Ba é cuspóir an leasaithe sin:

- Maidir le leithdháileadh saor in aisce ar shuiteálacha tionscail: ról an fhíoraitheora a shonrú sa tseiceáil ar chur chun feidhme moltaí maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, ar ceann de na coinníollacha é le haghaidh leithdháileadh lamháltas saor in aisce, agus chun a sheiceáil an bhfuil feidhm ag aon mhaoluithe ar an gcoinníollacht sin faoi Airteagal 22a den Rialachán maidir le Leithdháileadh Saor in Aisce.

[110] Rialachán 2015/757 - féach fonóta 98.

- Maidir le CTA2: cur i bhfeidhm an Rialacháin a leathnú chuig an bhfíorú le haghaidh CTA2 (e.g. raon feidhme creidiúnaithe nua le haghaidh CTA2 a thabhairt isteach, rialacha sonracha maidir le cathain is ceart cuairteanna ar láthair a tharscaoileadh, ról an fhíoraitheora maidir le comhaireamh dúbailte idir an dá chóras a sheiceáil).

- An Rialachán um Chreidiúnú agus um Fhíorú a ailíniú leis an Rialachán athbhreithnithe maidir le Faireachán agus Tuairisciú le haghaidh earnáil na heitlíochta: soiléireacht a sholáthar ar ról an fhíoraitheora maidir le measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht le hAirteagail 54 agus 54a den Rialachán maidir le Faireachán agus Tuairisciú, lena n-áirítear ceanglais shonracha maidir le conas breoslaí eitlíochta inbhuanaithe agus a n-astaíochtaí a shannadh d'eitiltí.

- Na ceanglais atá ann cheana maidir le Creidiúnú agus Fíorú a fheabhsú, mar shampla trína cheadú d'fhíoraitheoirí cuairteanna fíorúla ar an láthair a dhéanamh le haghaidh earnáil na heitlíochta taobh amuigh de na himthosca eisceachtúla.

Tá an dara hathbhreithniú ar an Rialachán um Chreidiúnú agus um Fhíorú ar siúl faoi láthair. Cumhdófar leis na ceanglais chreidiúnaithe agus fíoraithe le haghaidh éifeachtaí eitlíochta neamh-$CO_2$,, ról an fhíoraitheora maidir le gnóthú garspriocanna agus spriocanna a áirítear i bpleananna aeráidneodrachta suiteálacha a fhíorú agus athruithe eile a tugadh isteach sa dara hathbhreithniú ar an Rialachán maidir le Faireachán agus Tuairisciú.

## 11.3. Doiciméid threoracha

D'fhorbair an Coimisiún treoirdhoiciméid[111] chun faireachán, tuairisciú, fíorú agus creidiúnú a dhéanamh. Is é an aidhm atá ann treoracha mionsonraithe, teicnící agus dea-chleachtais a sholáthar d'údaráis inniúla, d'oibreoirí, d'fhíoraitheoirí agus do gheallsealbhóirí eile maidir le cur chun feidhme CTA AE. Tá ról ríthábhachtach ag an treoraíocht sin chun sláine, trédhearcacht, comhchuibhiú agus cruinneas na sonraí astaíochtaí laistigh de CTA AE a áirithiú. De réir mar a thagann forbairt ar mhodheolaíochtaí agus ar theicneolaíochtaí, trí dhea-chleachtais agus teicnící nua a chur i bhfeidhm, cuidítear chun earráidí a laghdú agus tacaítear le héifeachtacht fhoriomlán an chórais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. Tabharfar na doiciméid sin cothrom le dáta chun na hathbhreithnithe ar an Rialachán maidir le Faireachán agus Tuairisciú agus ar an Rialachán maidir le Creidiúnú agus Fíorú a léiriú. Tabharfar tosaíocht do na treoirdhoiciméid ghinearálta le haghaidh suiteálacha, le haghaidh oibreoirí aerárthaigh, chomh maith leis an treoir maidir le saincheisteanna bithmhaise agus breosla in-athnuaite.

[111] Faireachán, tuairisciú agus fíorú ar astaíochtaí CTA AE, An Ard-Stiúrthóireacht um Ghníomhú ar son na hAeráide, 31.8.2024

### 11.4. Údaráis inniúla náisiúnta

Bíonn difríochtaí idir tíortha maidir leis an gcaoi a n-eagraíonn údaráis inniúla náisiúnta iad féin chun CTA AE a chur chun feidhme. I roinnt tíortha, bíonn údaráis áitiúla éagsúla rannpháirteach, agus i dtíortha eile is cur chun feidhme níos láraithe atá i gceist. Roghnaíonn na tíortha na cuir chuige sin bunaithe ar éifeachtacht costais agus ama. Cuirtear forléargas i láthair i dTábla G i Roinn IV den doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis seo ar an gcomhordú idir na húdaráis inniúla a chuireann CTA AE chun feidhme.

Thuairiscigh na tíortha uile go raibh baint ag aon údarás inniúil amháin ar a laghad dá gcuid i gcur chun feidhme CTA AE in 2023. In 14 thír, is aon údarás inniúil lárnach amháin a bhí freagrach as gníomhaíochtaí uile CTA AE. I gcás gníomhaíochtaí CTA AE a bheith á mbainistiú ag údaráis inniúla iomadúla, thuairiscigh tíortha gur úsáid siad réiteach agus uirlis éagsúil amháin nó níos mó chun an obair a chomhordú idir na húdaráis sin. Áirítear ar na réitigh agus na huirlisí sin údarás inniúil lárnach atá freagrach as an obair faireacháin, tuairiscithe, chreidiúnaithe agus fíoraithe (12 thír), a bhfuil ról comhordúcháin aige[112] (10 dtír), údarás inniúil lárnach a eisíonn treoracha ceangailteacha agus treoraíocht d'údaráis áitiúla (5 thír), a sholáthraíonn comhoiliúint d'údaráis inniúla (8 dtír) agus a thionólann meithleacha nó cruinnithe rialta idir údaráis (13 thír).

In 2023, bhí 16 thír nár ghearr táillí riaracháin ar oibreoirí suiteála as pleananna faireacháin a cheadú agus a fhormheas (amhail in 2022). oibreoirí aerárthaigh i Bhí 17 dtír nárbh éigean dóibh aon táille a íoc ach oiread (amhail in 2022). Bhí difríochtaí móra sna muirir de réir tíre agus cineál seirbhísí – ó thart ar EUR 19 go EUR 8 442 ar chead agus chun plean faireacháin a fhormheas le haghaidh suiteálacha, agus ó thart ar EUR 2 go EUR 4 100 le haghaidh oibreoirí aerárthaigh. Cé is moite den tSeicia, thuairiscigh tíortha freisin gur ghearr siad táillí riaracháin ar mhéideanna éagsúla as athruithe suntasacha ar phleananna faireacháin. Cuirtear forléargas ar mhuirir riaracháin in CTA AE i láthair i dTábla H i Roinn IV den doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis seo.

### 11.5. Comhlíontacht le CTA AE

Seiceáiltear comhlíontacht le CTA AE i dtimthriallacha bliantúla. In aghaidh gach bliana oibríochta, ní mór d'oibreoir tuarascáil bhliantúil ar astaíochtaí a chur isteach faoin 31 Márta an bhliain dár gcionn. A luaithe a sheiceálann údarás inniúil tuarascáil fhíoraithe, ní mór d'oibreoir an líon lamháltas atá coibhéiseach lena astaíochtaí fíoraithe a thabhairt suas faoin 30 Meán Fómhair an bhliain chéanna[113].

---

[112] I gcás ina bhfuil údaráis réigiúnacha/áitiúla freagrach as obair MRV, déanann an t-údarás inniúil lárnach athbhreithniú ar dhoiciméid ábhartha freisin (amhail pleananna faireacháin) chun faireachán a dhéanamh ar cháilíocht phróisis MRV.

[113] In athbhreithniú 2023 ar Threoir CTA, aistríodh an spriocdháta chun lamháltais a thabhairt suas ón 30 Aibreán go dtí an 30 Meán Fómhair (athrú is infheidhme ó 2024 ar aghaidh).

Le haghaidh gach tona $CO_2$ a astaítear nach raibh aon lamháltas tugtha suas ina leith in am, forchuireann an Treoir Eorpach maidir le Córas Trádála Astaíochtaí pionós EUR 100[114]. Ní mór é sin a íoc anuas ar na lamháltais tugtha suas atá dlite. D'fhéadfadh feidhm a bheith ag pionóis eile freisin maidir le sáruithe ar reachtaíocht CTA AE.

Cuirtear forléargas mionsonraithe ar chomhlíontacht le CTA AE i láthair i dTáblaí I-K i Roinn IV den doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis seo.

I dtimthriall chomhlíontachta 2023, d'fhan an leibhéal comhlíontachta le CTA AE an-ard. I bhformhór na mblianta, oibreoirí a bhí freagrach as os cionn 9 % d'astaíochtaí ó shuiteálacha agus ón eitlíocht, chomhlíon siad a n-oibleagáidí dlíthiúla in am. Tháinig feabhas ar éifeachtúlacht an chórais chomhlíontachta le glacadh níos leithne ar thuairisciú leictreonach. In 2023, d'úsáid 12 thír córais TF uathoibrithe agus teimpléid leictreonacha le haghaidh pleananna faireacháin, tuarascálacha astaíochta, tuarascálacha fíoraithe agus/nó tuarascálacha feabhsúcháin. D'úsáid naoi dtír córais TF uathoibrithe freisin chun an sreabhadh oibre a bhainistiú le haghaidh na bpleananna modheolaíochta faireacháin, tuarascálacha um leibhéal gníomhaíochta bliantúil agus malartuithe faisnéise eile maidir le sonraí leithdháilte.

Mar gheall ar imthosca eisceachtúla, cheadaigh 9 dtír (6 in 2022) d'fhíoraitheoirí cuairteanna fíorúla ar an láthair a dhéanamh[115]. I gcás 7 suiteáil agus 11 oibreoir aerárthaigh, ceadaíodh cuairteanna fíorúla ar an láthair ón údarás inniúil is infheidhme.

Bíonn seiceálacha comhlíontachta ar thuarascálacha astaíochta bliantúla ó shuiteálacha éagsúil ó údarás inniúil go chéile. In 2023, sheiceáil gach údarás inniúil iomláine na dtuarascálacha ó shuiteálacha, agus rinne siad amhlaidh le haghaidh tuarascálacha ó oibreoirí aerárthaigh. Ba iad na heisceachtaí na húdaráis inniúla sa Ghréig agus sa Laitvia (ag a bhfuil 10 n-oibreoir aerárthaigh agus 2 oibreoir aerárthaigh, faoi seach), chomh maith le Lichtinstéin agus Tuaisceart Éireann toisc nach riarann an dá thír sin aon oibreoir aerárthaigh.

Rinne údaráis inniúla in 10 dtír meastacháin choimeádacha le haghaidh 47 suiteáil (timpeall 0.6 % de na suiteálacha uile, síos ó 0.7 % in 2022). As 4.2 Mt $CO_2$eq arna thuairisciú ag na 47 suiteáil, measadh 2.1 Mt go coimeádach (i gcomparáid le 1.0 Mt as 2.4 Mt $CO_2$eq arna thuairisciú ag 61 suiteáil in 2022).

Rinneadh meastacháin choimeádacha nuair nár cuireadh na tuarascálacha astaíochtaí bliantúla isteach in am, nuair a tugadh dearbhú tuairime maidir le fíorú diúltach, nó nuair nár chomhlíon tuarascáil astaíochtaí an Rialachán maidir le Faireachán agus Tuairisciú[116]. I gcás 15 shuiteáil, rinneadh na hastaíochtaí uile a mheas go coimeádach. I gcás 10 suiteáil, níor chumhdaigh meastachán coimeádach ach cuid de na hastaíochtaí. Measadh nár ghin 17 suiteáil aon

[114] Tá an pionós innéacsaithe le haghaidh boilscithe.

[115] Ceadaítear le hAirteagal 34a den Rialachán maidir le Creidiúnú agus Fíorú don fhíoraitheoir cuairt suímh fhíorúil a dhéanamh má choisceann cás force majeure ar an bhfíoraitheoir dul chomh fada leis an suíomh. Ní cheadaítear é sin ach faoi réir fhormheas an údaráis inniúil agus má shásaítear coinníollacha áirithe.

[116] Airteagal 70 den Rialachán maidir le Faireachán agus Tuairisciú

astaíochtaí agus maidir leis na 5 shuiteáil eile, bhí an próiseas meastacháin choimeádaigh fós ar siúl agus an tuarascáil seo á tabhairt chun críche.

Thuairiscigh 3 thír meastacháin choimeádacha i gcás na heitlíochta[117] (5 in 2022) a bhain le 22 oibreoir aerárthaigh (33 in 2022) agus 0.06 Mt de choibhéis $CO_2$ (0.31 Mt de choibhéis $CO_2$ in 2022).

Bíonn tábhacht i gcónaí le seiceálacha a dhéanann údaráis inniúla chun obair na bhfíoraitheoirí a fhorlíonadh. Anuas ar na tuarascálacha astaíochtaí a sheiceáil, thuairiscigh 19 dtír go raibh iniúchtaí ar an láthair déanta acu ag suiteálacha (ceann amháin níos mó ná mar a bhí in 2022). Thuairiscigh trí thír[118] cigireachtaí ar an láthair i gcás na heitlíochta (amhail in 2022).

In 2023, gearradh fíneáil ar 38 suiteáil i 10 dtír[119] mar gheall nár thug siad lamháltais astaíochtaí leordhóthanacha suas chun a n-astaíochtaí arna dtuairisciú a chumhdach (astaíochtaí iomarcacha). I gcás na heitlíochta, thuairiscigh ceithre thír pionóis as astaíochtaí iomarcacha i gcás naoi n-oibreoir aerárthaigh. Bhí 14 thír[120] a thuairiscigh 75 shárú, a raibh pionóis, rabhaidh fhoirmiúla nó fógraí foirmiúla mar thoradh orthu, lena n-áirítear roinnt cásanna d'astaíochtaí iomarcacha cé nach raibh siad ar fad i gceist. Tuairiscíodh 43 fhíneáil ar an iomlán (arna n-eisiúint nó atá le heisiúint mar shampla de bharr imeachtaí dlíthiúla leanúnacha), arbh é EUR 88.8 milliún iad. Áirítear leis sin eitlíocht, le naoi sárú i gceithre thír, a raibh seacht bhfíneáil, arbh fhiú EUR 0.6 milliún iad, dá thoradh. Pionóis as astaíochtaí iomarcacha ba chúis le formhór na bhfíneálacha.

Ba iad na sáruithe ba choitianta a tuairiscíodh le haghaidh 2023 teip chun tuarascáil astaíochtaí (23 chás) nó tuarascáil maidir le leibhéal gníomhaíochta (18 gcás) a chur isteach in am trátha, teip chun fógra a thabhairt faoi athruithe nó an plean faireacháin a thabhairt cothrom le dáta (seacht gcás) agus oibriú gan cead astaíochtaí (seacht gcás).

[117] Sonraí arna dtuairisciú ag an Iodáil le haghaidh 2022 a úsáideadh mar ionadú – féach leathanach 38 den tuarascáil seo.

[118] Ní riarann dhá thír eile (Lichtinstéin agus Tuaisceart Éireann) aon oibreoir aerárthaigh.

[119] Sonraí arna dtuairisciú ag an Iodáil le haghaidh 2022 a úsáideadh mar ionadú – féach leathanach 38 den tuarascáil seo.

[120] Is iad seo a leanas na 14 thír: an Danmhairg, Éire, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Iodáil, an Iorua, an Ísiltír, an Pholainn, an tSeicia, an Spáinn, an tSualainn agus an Ungáir. I gcás na hIodáile, úsáideadh sonraí a tuairiscíodh le haghaidh 2022 mar ionadú. Sonraí arna dtuairisciú ag an Iodáil le haghaidh 2022 a úsáideadh mar ionadú – féach leathanach 38 den tuarascáil seo..

## 12. CTA AE i gcomhthéacs rialachas aeráide agus fuinnimh an Aontais

Feidhmíonn CTA AE laistigh de chomhthéacs níos leithne rialachas aeráide agus fuinnimh an Aontais, lena n-áirítear an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh (Treoir 2023/1791)[121], a athmhúnlaíodh mar chuid den phacáiste athchóirithe 'Oiriúnach do 55'. Is é is aidhm don Treoir sin caomhnú fuinnimh a bhaint amach trí spriocanna agus oibleagáidí a leagan síos le haghaidh na mBallstát agus cuideachtaí. Cuirtear comhartha faoi phraghas an charbóin de chuid CTA AE san áireamh agus bearta beartais agus gníomhaíochtaí á roghnú chun na críche sin. Ceanglaítear le hAirteagal 35(1) den Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh go gcuirfear cur chun feidhme na Treorach sin san áireamh sa tuarascáil bhliantúil ón gCoimisiún maidir le feidhmiú mhargadh carbóin na hEorpa (an tuarascáil seo).

Leis an Treoir athbhreithnithe maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh, tugtar isteach rialacha nua chun an tomhaltas deiridh fuinnimh ar leibhéal an Aontais a laghdú 11.7 % faoi 2030, i gcomparáid leis na réamh-mheastacháin i gcás tagartha an Aontais do 2020. Ceanglaítear ar na Ballstáit uile rannchuidiú leis an sprioc sin a bhaint amach. Chuige sin, leagann siad amach rannchuidithe agus conairí náisiúnta táscacha ina bpleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide (NECPanna) nuashonraithe faoin Rialachán maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide. Chuir na Ballstáit a ndréachtphleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide nuashonraithe isteach in 2023 agus bhí na pleananna deiridh dlite faoin 30 Meitheamh 2024.

Cuireann comhartha faoi phraghas an charbóin de chuid CTA an Aontais le breithmheas infheistíochtaí agus bearta a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh sna hearnálacha cumhdaithe. Úsáideann Ballstáit ioncam ó cheant ó CTA AE chun feabhsúcháin le héifeachtúlacht fuinnimh a chistiú. In 2023, thuairiscigh siad caiteachas EUR 2.3 billiún chun tionscadail a bhain leis an éifeachtúlacht fuinnimh a chistiú. Áiríodh leo sin infheistíochtaí i nuachóiriú teirmeach foirgneamh poiblí agus príobháideach, comhairle maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, soilsiú poiblí éifeachtúil, córais éifeachtúla téimh agus fuaraithe lena n-áirítear téamh ceantair, chomh maith le taighde agus forbairt, agus é mar chuspóir acu uile an tomhaltas fuinnimh a laghdú.

## 13. Nasc idir CTA AE agus ETS na hEilvéise

Ó bhí 2020 ann, tá CTA an Aontais agus CTA na hEilvéise nasctha trí chomhaontú idirnáisiúnta idir an tAontas agus Cónaidhm na hEilvéise. Ciallaíonn sé sin gur féidir lamháltais arna n-eisiúint i gcóras amháin a thabhairt suas le haghaidh astaíochtaí arna nginiúint i gceachtar den dá chóras. Agus rochtain ar mhargadh níos mó acu, is féidir le hoibreoirí leas a bhaint as gnóthachain chostéifeachtúla agus tá níos mó roghanna acu chun astaíochtaí a

[121] Treoir (AE) 2023/1791 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/955 (athmhúnlú) (IO L 231, 20.9.2018)

mhaolú. Leagtar amach sa Chomhaontú Nasctha[122] na coinníollacha agus na ceanglais faoina bhfuil an dá chóras nasctha. Bunaítear leis freisin sásra chun a áirithiú go n-urramaítear coinníollacha nasctha Airteagal 25 den Treoir maidir le Trádáil Astaíochtaí.

Ceanglas fíor-riachtanach don Aontas a bhí ann chun eitlíocht a áireamh sa Chomhaontú Nasctha. Faoi Airteagal 6 den Chomhaontú, cuireann an Eilvéis i bhfeidhm an cur chuige céanna maidir le cumhdach, caidhp agus leithdháileadh is a chuirtear i bhfeidhm maidir le CTA AE. I gcomhréir le hAirteagal 7 den Chomhaontú Nasctha, leanfaidh sé sin ar aghaidh faoin Treoir Eorpach maidir le Córas Trádala Astaíochtaí athbhreithnithe.

Tá eitiltí intíre na hEilvéise agus eitiltí a fhágann aerfoirt LEE cumhdaithe ag CTA na hEilvéise, cé go dtagann na heitiltí a fhágann chuig an Eilvéis faoi CTA AE. Méadaítear leis an socrú seo sláine comhshaoil an dá chóras. Tá an cur chuige céanna curtha i bhfeidhm ag CTA AE agus CTA na hEilvéise araon maidir le heitiltí isteach agus amach ón Ríocht Aontaithe agus chuig an Ríocht Aontaithe ó Brexit i leith. Tar éis an athbhreithnithe ar Threoir AE maidir le Trádáil Astaíochtaí in 2023, leathnaíodh raon feidhme an dá chóras chun na heitiltí chuig na réigiúin is forimeallaí san Aontas agus uathu a chumhdach.

Taispeántar príomhfhigiúirí don dá chóras in 2023 i dTáblaí L-M i Roinn V den doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis seo – lamháltais a cuireadh ar ceant, leithdháileadh saor in aisce agus astaíochtaí fíoraithe le haghaidh suiteálacha agus oibreoirí aerárthaigh. Nuair a chuirtear iad i gcomparáid, léiríonn siad nach le méid a bhaineann comhoiriúnacht an dá chórais ach le ceanglais cháilíochtúla, coinníollacha cothroime iomaíochta agus bearta chun sláine an mhargaidh a choimirciú.

I gcomhréir leis an gComhaontú Nasctha, cruthaíodh nasc díreach idir clárlanna an dá chóras chun aistrithe lamháltas idir an dá chóras a cheadú. Cuireann sé ar chumas rannpháirtithe sa mhargadh na hidirbhearta idir an dá chóras a fhorghníomhú amhail is dá mbeidís in aon mhargadh amháin, rud a fheabhsaíonn leachtacht sa mhargadh nasctha. Déantar aistrithe idir córais (clárlanna) go laethúil, Luan go hAoine, ach amháin i gcás dátaí sonracha a bhaineann le laethanta saoire bainc.

Léitítear i dTábla 9 agus Tábla 10 na héifeachtaí a bhaineann leis an nasc idir CTA AE agus CTA na hEilvéise in 2023. Léiríonn siad a mhéid a d'úsáid eintitis rialáilte sa dá chóras lamháltais a eisíodh sa chóras eile le haghaidh comhlíontachta.

San iomlán, d'úsáid eintitis rialáilte in CTA AE (suiteálacha agus oibreoirí aerárthaigh araon) 1 140 848 lamháltas arna n-eisiúint faoi CTA na hEilvéise le haghaidh na comhlíontachta in 2023. Sin beagnach 170 000 lamháltas is mó ná in 2022 agus beagnach 550 000 lamháltas is mó ná in 2021, rud a léiríonn úsáid mhéadaithe na solúbthachta a sholáthraítear leis an nasc idir CTA AE agus

[122] An Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh (IO L 322, 7.12.2017).

CTA na hEilvéise agus feasacht agus glacadh atá ag fás go comhsheasmhach maidir leis an nasc.

Cé gur bhain suiteálacha in CTA AE úsáid as níos lú lamháltas eitlíochta a eisíodh faoi CTA na hEilvéise ná sa bhliain roimhe sin (thart ar 100 000 in 2023 i gcomparáid le 180 000 in 2022), cúitíodh é sin go páirteach le méadú ar úsáid lamháltais ghinearálta CTA na hEilvéise (thart ar 425 000 in 2023 i gcomparáid le 395 000 in 2022).

Tháinig méadú beag ar líon lamháltais ghinearálta CTA na hEilvéise a bhí in úsáid ag oibreoirí aerárthaigh an Aontais le haghaidh comhlíontachta in 2023 go dtí thart ar 50 000 (i gcomparáid le 40 000 in 2022). Ar bhealach níos suntasaí, tháinig méadú mór ar líon lamháltais eitlíochta CTA na hEilvéise a bhí in úsáid ag oibreoirí aerárthaigh le haghaidh comhlíontachta in CTA AE ó thart ar 355 000 in 2022 go 560 000 in 2023. I dtéarmaí coibhneasta, thart ar 0.10 % d’iomlán na lámháltas a tugadh suas i CTA AE in 2023 a bhí i lamháltais arna n-eisiúint faoi CTA na hEilvéise. Mar sin féin, is é sciar níos mó 21.64 % de na lamháltais uile de chuid na hEilvéise arna leithdháileadh saor in aisce agus arna gcur ar ceant an bhliain sin, a bhí i gceist leis na lamháltais chéanna.

In ETS na hEilvéise, d’úsáid suiteálacha sciar ní b’airde de lamháltais ghinearálta CTA AE ar mhaithe leis an gcomhlíontacht in 2023 (11.6 %) i gcomparáid le 2022 (6.2 %). Sa dá bhliain, níor úsáid suiteálacha in CTA na hEilvéise lamháltais eitlíochta CTA AE le haghaidh na comhlíontachta.

Le Table 11 comhiomlánaítear méid na lamháltas (lamháltais ghinearálta agus eitlíochta araon) arna n-aistriú thar ceann rannpháirtithe sa mhargadh idir CTA AE agus CTA na hEilvéise ó 2020 i leith. Go dtí seo, is in 2023 a bhí an líon ab airde d’aistrithe iomlána comhiomlánaithe. Léiríonn an iarmhéid stairiúil atá ann faoi láthair eis-sreabhadh 268 426 lamháltas ó CTA AE chuig CTA na hEilvéise. Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, go bhféadfaí athaistrithe na lamháltas céanna a áireamh.

*Tábla 6. Aonaid arna n-úsáid le haghaidh comhlíontachta i gClár an Aontais in 2023. Sonraí a baineadh as Clárlann an Aontais an 01 Deireadh Fómhair 2024.*

| | **Leithdháileadh saor in aisce agus ceantáil** | **Astaíochtaí fíoraithe** | **Aonaid tugtha suas** | **Lamháltais CTA an Aontais** | | **Lamháltais CTA na hEilvéise** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Suiteálacha** | | | | *Ginearálta* | *Eitlíocht* | *Ginearálta* | *Eitlíocht* |
| | 1 055 030 682 | 1 096 788 327 | 1 099 802 112 | 1 095 206 929 | 4 068 223 | 425 611 | 101 349 |
| | *% den iomlán* | | | 99.58 | 0.37 | 0.04 | 0.01 |
| **oibreoirí aerárthaigh** | **Leithdháileadh saor in aisce (lena n-áirítear CTA na hEilvéise) agus ceantáil** | **Astaíochtaí fíoraithe (lena n-áirítear astaíochtaí faoi CTA na hEilvéise)** | **Aonaid tugtha suas** | **Lamháltais CTA an Aontais** | | **Lamháltais CTA na hEilvéise** | |
| | | | | *Ginearálta* | *Eitlíocht* | *Ginearálta* | *Eitlíocht* |
| | 28 261 053 | 54 128 536 | 54 186 768 | 34 756 873 | 18 816 007 | 51 865 | 562 023 |
| | ***% den iomlán*** | | | 64.14 | 34.72 | 0.10 | 1.04 |

*Tábla 10. Aonaid arna n-úsáid le haghaidh comhlíontachta i gClár na hEilvéise in 2023. Tagraíonn oibreoirí aerárthaigh dóibh siúd atá á riar ag an Eilvéis.*

<table>
<tr><td rowspan="4">Suiteálacha</td><td rowspan="2">Leithdháileadh saor in aisce agus ceantáil</td><td rowspan="2">Astaíochtaí fíoraithe</td><td rowspan="2">Aonaid tugtha suas</td><td colspan="2">Lamháltais CTA an Aontais</td><td colspan="2">Lamháltais CTA na hEilvéise</td></tr>
<tr><td>Ginearálta</td><td>Eitlíocht</td><td>Ginearálta</td><td>Eitlíocht</td></tr>
<tr><td>4 177 117</td><td>3 912 485</td><td>3 904 451</td><td>452 906</td><td>0</td><td>3 419 042</td><td>32 503</td></tr>
<tr><td colspan="3">% den iomlán</td><td>11.60</td><td>-</td><td>87.57</td><td>0.83</td></tr>
<tr><td rowspan="4">oibreoirí aerárthaigh</td><td rowspan="2">Leithdháileadh saor in aisce (lena n-áirítear CTA AE) agus ceant</td><td rowspan="2">Astaíochtaí fíoraithe (lena n-áirítear astaíochtaí faoi CTA an Aontais)</td><td rowspan="2">Aonaid tugtha suas</td><td colspan="2">Lamháltais CTA an Aontais</td><td colspan="2">Lamháltais CTA na hEilvéise</td></tr>
<tr><td>Ginearálta</td><td>Eitlíocht</td><td>Ginearálta</td><td>Eitlíocht</td></tr>
<tr><td>1 095 995</td><td>1 632 015</td><td>1 630 901</td><td>118 408</td><td>714 629</td><td>17 747</td><td>780 117</td></tr>
<tr><td colspan="3">% den iomlán</td><td>7.26</td><td>43.82</td><td>1.09</td><td>47.83</td></tr>
</table>

*Tábla 11. Aistrithe lamháltas idir CTA AE agus CTA na hEilvéise (2020-2023).*

| **Bliain** | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| ***Aistriú ó CTA AE chuig CTA na hEilvéise*** | 475 679 | 1 051 360 | 1 714 499 | 2 603 612 | 5 845 150 |
| ***Aistriú ó CTA na hEilvéise chuig CTA AE*** | 0 | 1 523 770 | 1 215 662 | 1 837 292 | 4 576 724 |
| **Iarmhéid** | **1 268 426** | | | | |

## 14. Achoimre

Bhí laghdú stairiúil ar astaíochtaí ó shuiteálacha arna spreagadh ag an earnáil cumhachta le feiceáil in CTA AE in 2023, leis an méadú mór ar tháirgeadh leictreachais in-athnuaite (gaoth agus grianfhuinneamh go príomha), agus leis an treocht gás a úsáid in ionad guail i nginiúint cumhachta a atosú. Leis an bhforbairt sin, tá astaíochtaí CTA ó shuiteálacha thart ar 47.6 % faoi bhun leibhéil 2005 anois agus tá siad ar an mbóthar ceart chun sprioc 2030, -62 %, a bhaint amach.

Éascaíodh tuilleadh laghduithe astaíochtaí a bhaint amach in CTA AE in 2023 le comhartha láidir leanúnach faoi phraghas an charbóin. I measúnú ESMA, d’fhan margadh carbóin an Aontais cobhsaí in 2023 agus lean sé de bheith ag feidhmiú i gcomhréir le bunphrionsabail an mhargaidh. Chomh maith leis sin, meastar anois go bhfuil an chuid is mó de na moltaí a d’eisigh ESMA in 2022 chun trédhearcacht an mhargaidh carbóin a fheabhsú curtha chun feidhme.

Deimhníonn na hathruithe i réimse na n-astaíochtaí a éifeachtaí agus a éifeachtúla atá CTA AE mar cheann de na príomhdhreasachtaí beartais chun geilleagar na hEorpa a dhícharbónú. Tá ioncam CTA AE fós ina fhoinse thábhachtach chistiúcháin don chlaochlú sin, agus bailíodh EUR 43.6 billiún in 2023 agus dáileadh é go príomha ar bhuiséid náisiúnta, ach freisin ar Chiste Nuálaíochta CTA agus ar Chiste Nuachóirithe CTA, agus ar an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta le haghaidh plean REPowerEU. Is mó ná EUR 200 billiún an t-ioncam iomlán a cruinníodh le CTA AE go dtí seo.

Beidh tuilleadh iarrachtaí ag teastáil chun astaíochtaí a laghdú agus chun geilleagar an Aontais a athrú ó bhonn i gcomhréir le spriocanna an Dlí Aeráide Eorpaigh agus le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip. Rinneadh athbhreithniú ar CTA an Aontais in 2023 chun tacú leis an iarracht sin. Rinneadh an chaidhp ar astaíochtaí níos doichte, agus leathnaíodh raon feidhme an chórais chuig cion cothrom an Aontais d’astaíochtaí $CO_2$ ón muiriompar. Neartaíodh an córas don eitlíocht freisin. Cruthaíodh córas nua, CTA2, chun cabhrú le laghduithe astaíochtaí ó fhoirgnimh, ó iompar de bhóthar agus ó earnálacha breise a chur chun

cinn. Tá an t-athbhreithniú faoi lánseol, agus tá an Coimisiún agus na Ballstáit ag obair ar a chur chun feidhme i gcónaí.